MO SHGIÀL FÉN

CUID A HÄN

AN TAHIR PEADUIR Ó LAERI,
CANÓNACH, S.P.,
do shgrív.

PB1399
.L427D6

BRÚN AGUS NÓLÁN, Teór.

BLEÁCLIEH ∴ BIÀLFERSHDI ∴ CORCUIG ∴ PORTLÁIRGI.

Trí rälacha., tríd a bost 1s. 7½p.

THE
JOHN T. HUGHES
MEMORIAL COLLECTION,
BOSTON COLLEGE.

MO SHGIÀL FÉN



MO SHGIÀL FÉN

CUID A HÄN

AN TAHIR PEADUIR Ó LAERI,
CANÓNACH, S.P.,
do shgrív.

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

BRÚN AGUS NÓLÁN, TEÓR.
BLEÁCLIEH .·. BIÀLFERSHDI .·. CORCUIG .·. PORTLÁIRGI.

FÓGARTAR GACH CEART ER COSNAV.

Digitized by the Internet Archive
in 2015

205721

https://archive.org/details/mosgalfin00uala

MO SHGIÀL FÉN

I—MO HÍNSHAR

Sa vlien d'uísh an Tiarna míli shé chiàd a dó do brishag cah er Ghäluiv agus er an dá E, E O Nél agus E Rua O Dônuil, a n-aici Chiúntáili. Ví nä mliana caiti an uer shin ig muíntir na hErean a troid go dian a guingiv a nâud er son na hErean agus er son an chrediv, agus a gahav na nä mlian son do riugadar bua er na Galuiv ins gach cah troum dár bueleag eatarha go dí an brishi shin Chiúntáili. Do loit an t-än vrishi aváin shin bua na nä mlian, agus ví Eri fé chosiv a nâud irísh.

Ansun do ghluesh an cos-er-bolag agus an t-érleach agus an feaul a rocht dlí agus an t-éhach a rocht na fíringi; na Gael dá ruaga à talav a shínshar nuer ná shiànhidísh a gredeav agus an talav á húirt do ropuirív iasachda anaul ó Hasana agus ó Alabuin; go dí gur chuir déni na hiàgóra iàchuint er na Gäluiv eirí amàch irísh agus iaracht eli do ghiànav er iad fén a chosint er a lihéd de lérshgris.

Dahad blian tar ésh vrishi Chiúntáili isheà d'eiríodar amàch irísh. Nuer a ví an t-eirí amàch sun dá veartú isheà aduert fili égin:—

"Blien a dahad beg aitean gan shyl gan vláh,
'S an vlien a n'aici bed Sasanuig shínti er lár."

Ba ró-ghóbuir go dagach an focal sun fíor an uer shin. Háinig On Rua O Nél, mac drihár d'E O Nél, anaul go Héring agus do cuireag a geanas Gäl Ula é. Fear sduama, cróga, érimiúil, ilti er choga agus er ghnóhív coguig, a b'ea é, mar ba ghual dò veh. Háinig mórán de chluíng na n-uasal a díbireag tar ésh vrishi Chiúntáili, hánadar anaul ón Sbáing agus ón Vrayingc agus ó áiteanuiv eli den Uróip, agus níor v'ada go roiv slóiti líonvara Gäl ins gach cúigi de chúigív na Hérean agus iad "a sheasav a girt." Do leanadar a "sheasav a girt" go dí gur ghin On Rua O Nél, ig an Míng Morab, gníov díreach de hays an ghnív a ghin driháir a ahar agus E Rua O Dônuil ig Bíàl an Aha By deh mliana agus dahad ruimish shin.

Ví ueshli Gäl agus shean-Ghaul cruingihi an uer shin a Gíl Chuingi agus iad a diànav dlihi agus ryalta do vuíntir na Hérean agus gan er chumas vuíntir Hasana än chur ishdeàch a ghiànav orha ná än chosc do chur lena ngnó. Ach nuer a riug On Rua O Nél an bua úhásach ig an Míng Morab háinig iàd er chuid des na hueshliv Gälacha eli. A nieg er nieg do viàduig agus do leahanuig an fuah agus an droh-aigini acù gho-sun agus dá chéli. Háinig easäntas, lesh, sa Chôirli, a Gíl Chuingi, idír na Gael agus na shean-Ghuíl. Ghin an nâuid gahän díhal le feaul agus le héhach agus le cleasycht, a shédi fé

gach täv a guingiv an tuív eli, a túirt na leah-vour uaha, na nihi do hócach täv agus ná tócach an täv eli, go dí gur vó an fuah a ví ig ueshliv na Côirli agus ig tyshachuiv na sló dá chéli ná mar a ví ig än täv acù don nâuid. Tar ésh nä mlian ví an gnó sun Chíl Chuingi titihi as a chéli chô glan agus dá ma brishi eli mar vrishi Chiúntáili a vèach taguihi orha. Ansun háinig Cromuil, agus do ghin shé shin lérshgris agus érleach agus coser-bolag, er Ghäluiv agus er an gredeav, agus ba neavní an lérshgris a lean brishi Chiúntáili shachas é.

Tar ésh vrishi Chiúntáili, bíoch gur ig na Galuiv a ví an bua, ví lán a gry d'eagala acù ruimish na Gäluiv. Mar gheaul er an agala sun ghineadar shycháin leó. Níor hycháin dáiríriv an tíocháin shin, âfach. Shycháin chun fíl agus chun ishgi-fé-halav a b'ea í. Ní roiv shí avad diànta nuer a hosanuig an feaul. Do leog na Guíl orha go vuaradar ólas er eirí amàch eli veh beartuihi ig ueshliv na Ngäl a guingiv na Ngaul agus a guingiv ry Sacsan. Cuir vásh a b'ea an beartú sun dá viadfí é gheiniú. Chun é gheiniú ní roiv le diànav ach breh, 'na nuini agus 'na nuini, er na hueshliv Gälacha agus iad do vreh anún go Lúnduin agus iad do hriàil haul, agus dá dúrfí ciuntach iad an chroch a húirt dóiv. Do hig na hueshli Gälacha an cleas sun. Ví cial cheanuig fálta acù go daingean um an daca sun. Ví 's acù go mah ná roiv än chuir diànta acù, ná roiv än eirí amàch beartuihi acù, ná än chuíneav acù er a lihéd; ná roiv uaha ach cead suenish agus socarachda tar ésh a nä mliana coguig. Ach ví's acù, lesh, nuer a curtí dlí Hasana a veim er ghuini nár chosint don duini shin macántacht ná neachiuntacht, go muar muar, má ba ghuini é go roiv talav nú tiarnas nú sevireas igè le cailiúint.

Do hig ueshli na Ngäl an ní shin go mah an uer shin agus do hehadar à Héring sar a viadfí an cleas Gaula sun a gh'imirt orha, iad do hriàil agus iad do ghära agus iad do chrocha.

Nuer a víodar imìhi ví áhas er an ry agus er na Galuiv. Níor v'eár leó rod a ghineadar ueshli na Ngäl ná tehi lena n-anam. Ví talav breá fada fairshag chúig Ula fáca 'na nieg acù chô mah díreach agus vèach shé fáca 'na nieg acù dá vanuidísh agus go grochfì iad. Shin a roiv ón nâuid. Do hóg an nâuid an talav agus do roingeadar eatarha é.

D'imig na hueshli Gälacha do b'uírdi an uer shin à cúig Ula. Ví ueshli muara na Mûn imìhi ruimish shin. Níor ág sun a nEring, hueg ná heas, ach na mion-ueshli agus na duíni bochda. Deh mliana agus dahad 'na ghie sun, nuer a críochnyg an lérshgris a ghin Cromuil, do dineag iaracht varahach er hliucht Gäl go lér, idìr uasal agus íshal, do ghlana à talav na Hérean amàch, le díbirt nú le bás. Ní ghlacuidísh an credeav nó pé meala ná marú a diànfí orha chuigi. Ní ghlacuidísh é er aish ná er égin. Cheap an nâuid, dá vrí shin, ná roiv le diànav leó ach iad do ghíshgiú er fad. Ví a chial fén ig an nâuid sa ghnó sun. Nuer a díbireag na hueshli muara à cúig Ula d'an talav chúig Ula ig an nâuid. Dá viadfí shliucht Gäl go lér do varú nú do ghíbirt à Héring d'ácach sun talav na Hérean go lér ig an nâuid. Ishé an talav a ví ón nâuid, er sgáh crediv.

An lérshgris a lean brishi Chiúntáili do luig shé go troum er ueshliv muara na Ngäl, ach chueg a lán des na mion-ueshliv sär ueg. Ach nuer a háinig lérshgris Chromuil do luig shé er an ili ghuini de hliucht na Ngäl, idir uasal agus íshal. Do leah shé er fued na d'úha go lér, ishdeàch a ngleauntuiv uegineacha agus a n-áiteanuiv imigéniúla, a dreo nár iad än áit ná än aicmi duíni do' ueg. Duíni a ví an uer shin 'na gôny ins na háiteanuiv imigéniúla sun, agus go roiv a shínshar rómpa 'na gôny unta er feag na giàta blian agus na vihidí glún, go sâv agus go sueneasach sär ó vuereav agus ó chruatan na gogy a ví coitianta er shúl lasmùh ghíov, do hrosh lérshgris Chromuil iad. Do creachag agus do shgrisag iad. An méd nár cuireag

chun báish díov do b'égean dóiv tehi lena n-anam as na shean-áiteanuiv cônuihi shin, beó bocht, agus imeàcht er fued an tael.

Ví an uer shin sa täv hiar d'Uív Laeri, sa Vûin, cuishleán nár ró-vuar agus cuishleán Charuig na Cora an ainim a ví er. Ví bert drihár 'na gôny sa chuishleán sun. Diarmuid O Laeri a b'ainim do ghuini acù agus Crochúr O Laeri a b'ainim don duini eli. Do hrosh an lérshgris iad. B'égean dóiv imeácht agus an cuishleán agus an dúhig d'ágáilt ig coigiríoch égin iasachda. Hánader ineàs go Baili Vúirni. Do fós duini acù bean de vuíntir Ghuinín a ví 'na côny er na hOlánuiv agus d'an shé ansùn. Do rér mar a hínshag dom do b'é shin Crochúr. Chueg Diarmuid sir go háit er a dugtí Caruig na Madary, agus chuir shé fé aun. Tamal 'na ghia sun do chueg duini de hliucht Chrochúir ô hueg go Dúh Ala agus chue shé chun cônuihi er an Mulàch Rua, cherhi víli er an däv hueg de Hráid a Vuiling a n-aici Chuiling í Chuív. Do fós shé shin bean er a dugtí Ivlín an Réileáin. Is dó lium gur de vuíntir Chealacháin gur v'ea í. Ví mac acù sun agus Crochúr a b'ainim dò, agus fear anachialvar, anasduama, a b'ea é. Do fôs shé bean de vuíntir Icí, iníon do Hayg O Hicí, Tayg vac Ayindriesh, a ví 'na chôny hiar er an Ahán, er bruach Oun Mueri. Nel ní Tayig a tugtí er an inín. Ví lán tí de chluing acù. Shuván a b'ainim do ghuini des na hiníonuiv.

Ví Diarmuid, fé mar a hínshag dom, 'na chôny er Charuig na Madary. Ví mac ige shin agus Crochúr a b'ainim dò. Nuer a ví an Crochúr sun pósda agus a diànav dò fén, ví buachuil ayimshiri igè agus Crochúr a b'ainim don vuachuil, lesh, agus de vuíntir Laeri a b'ea é, agus, dá gheasguiv shin, "Crochúr Máishdir" agus "Crochúr Buachuil" a tugtí er an mert. Ví claun ig an Crochúr Máishdir shin, ach chô tiuv agus a haguidísh do gheidísh bás. Ví shé fén agus a vean go hana-vuarha mar gheaul er shin. Do hárla, tráh, go roiv súil le duini eli cluingi acù. Ví an t-aum a teacht ach má ví, do ví an vuert agus an t-eagala orha arän go n-imeóch an leanav sun fé mar imig an chuid eli a háinig ruimish. Ví an vuert agus an t-eagala er an mâhir chô muar sun gur väl, dá ma ná bèach än chúsh eli chun na díovála ghiànav, nár veog an vuert aigini chuigi. Rayint lähanta sar a dáinig an t-aum chun na cluingi hacht, do vuel chúha an doras ishdeàch bean ná feacuig éngi acù ryav ruimish shin. D'iarhig fear a tí ghi cár v'as í. "Hánag avàd ó vaili ansò chúiv," er shishi, "aďueg ó Chíl Dara." Ansùn d'iàch shí er an mny.

'Ná bíoch än vuert ná än agal ort an trus so," er shishi. "Mairhig an té atá a teacht inìsh, ach is er än chuiníl aváin é," er shishi. "Tugtar ainim chúil le cini er agus mairhi shé."

Nuer a ví an méd shin ráiti icì d'imi shí uaha an doras amàch, agus ní eacuig éngi í, beó ná marav, sa n-áit 'na ghie sun.

Níor v'ada go dáinig an chlaun; mac óg. Crochúr nú Diarmuid nú Art nú Ciadach nú Fear, na hainimneacha do vuin lesh an gini; ach do tugag "Barnabí" er an mac sun, ainim nár hairíog ryav ruimish shin er éngi de vuíntir Laeri. Háinig mac eli 'na ghieg. Do leanag er an gúl le cini agus do tugag Peaduir mar ainim er. Do vair an vert, agus do ghin fir vuara vaha ghíov. Do fós Barnabí agus ví bert vac igè. Hug shé Diarmuid er ghuini acù, a n-uingeóin an chúil le cini, agus hug shé Peaduir er an mac eli, ainim a ghrihár. Nuer a ví an vert vac sun eirihi suas b'égean do Varnabí imeàcht ó Charuig na Madary. Níor iadas ryav a ghiànav amàch cad é an chúsh.

Sa n-aum giana sun ví 'na chôny hueg er Ghleaun Daiv, ig bun Vulàch an Oish, fear 'nar v'ainim dò Diarmuid O Tuahig. Ví bert iníon ige, Shuván Ní Huahig agus Máiri Ní Huahig. Tá er an däv heas de Ghleaun Daiv baili gur b'é ainim atá èr ná Lis Caragáin. Ví an baili shin 'na halav anáirdi le líng Varnabí I Laeri agus a vert vac a veh ig

imeàcht ô Charuig na Madary. Do hóg Diarmuid O Tuahig an talav sun a ví anáirdi, agus ghin shé ghá erim dè, agus hug shé an dá erim dá vert iníon, do Chiuván agus do Váiri. Ví meas ana-vuar igè er vert vac Varnabí I Laeri. Ghin shé ghá chleâunas leó. Hug shé Shuván do Ghiarmuid agus hug shé Máiri do Peaduir, agus chuir shé ishdeàch sa dá erim er Lis Caragáin iad chun cónuihi. Ví fiàr bó agus fihi ins gach ferim díov, agus ví an dá lanûin óg láidir ábalta er pé tairifi a ví sa talav do vuint as. Níor halav mah é. Talav fiàin fliuch a b'ea an chuid ba vó ghè. Ach do tógag ghá lín-tí vuara vaha chrediûnacha er. Ví lán tí de chluíng ig gach lanûin acù. Ví chuig ghuini ghiàg nú shé ghuini ghiàg cluingi ig Peaduir agus ig Máiri Ní Huahig. Diarmud a b'anim don vac ba hini a ví ig Peaduir.

Nuer a háinig an t-aum chuigi do tráchdag er chleâunas idìr an Diarmuid shin agus Shuván Ní Laeri, an iníon úd Chrochúir I Laeri a ví an uer shin 'na chôny hueg er an Mulàch Rua, a n-aici Chuiling I Chuív. Do tuigeag gur vah an cleâunas le diànav é. Do tuigeag, lesh, go roiv an gäl aun agus go m'édir nár v'láir col do réteach sar a niànfí an pósa. Do côiríog an gäl, er an dá häv, shiar go dí an vert drihár, Diarmuid óg agus Crochúr O Laeri; an vert úd a díbireag à cuishleán Charuig na Cora; agus do fuarag, ón gôireav, go roiv an gäl, er gach täv, ní ba hie amàch ná an cúigiú glúin. Do dineag an cleâunas. Do pósag Diarmuid Rua O Laeri, mac do Feaduir O Laeri agus do Váiri Ní Huahig er Lis Caragáin, le Shuván Ní Laeri, iníon do Chrochúr O Laeri agus do Nel Ní Icí, a ví er an Mulàch Rua. Sa vlien d'uísh an Tiarna míli ocht giàd tríochad a nä ví mac ig an mert shin. Mishi an mac sun.

II—LIS CARÁGAIN

Ví ochdar mac agus ochdar iníon ig Peaduir O Laeri agus ig Máiri Ní Huahig, mo hean-ahir agus mo heana-vâhir. Ví ghá erim hailiv acù, an erim er Lis Caragáin, fiàr bó agus fihi, agus ferim eli hís er Chíl Ghobnatan, fiàr chúig cíng diàg de vuev. Ví sun mah go leór, ach níor ró-vuar an sältas é chun shé ghuini ghiàg cluingi do hóguint er agus do chur a gríh as. Dá maireach an t-ahir go dí go mèach shé suas le deh mliana agus trí fihid nú mar shin, b'édir go viatach shé rod égin fónta ghiànav don chluíng, ach háinig an bás er, slán mar a n-ínshdear é, nuer ná roiv shé ach ocht mliana agus dahad. Dá ghiuràcht í an ayimshir a fuer shé chuigi, ví an chuid ba vó den chluíng iníon curha gríh igè sar a vuer shé bás, agus iad curha a gríh go mah igè. Ní roiv igè le diànav don chluíng vac ach an talav do rayint eatarha. D'ág shé Lis Caragáin le huacht ig ceaharar acù, a leah ig bert agus an leah eli ig an mert eli. Fuer duini den cheaharar sun bás go luah a nieg an ahar. Ansùn do ghin an triúr a ví 'na ghieg trí treana den erim eatarha fén, a dreó ná roiv ach fiàr shacht mó ig an nuini acù. Duini den triúr sun a b'ea m'ahirshi.

Diàrhach duini nár vah an chial d'än ear óg bean do húirt lesh agus é fén do hocarú chun cônuihi er erim veog den tórd sun, fiàr shacht mó, agus gan aun ach droh-halav. Gan âuras níor vah an chial dò é dá mèach cä igè er a valuirt de hocarú a ghiànav dò fén, ach ní roiv. Ní roiv än iàchuint suas an uer shin ig éngi de vuíntir na Hérean ach an talav. Víodar fén agus a shínshar, an uer shin agus er feag na giàta blian ruimish shin, geárha amàch glan ó än tays eli shlí

veaha ach aváin veh ag obuir er an dalav a diànav císa do váishdirív; agus do geárfí amàch ón shlí veaha sun, lesh, iad, ach nár v'édir än duíni eli gh'áil a gh'iatach iread císa ghiànav as an dalav agus a gh'iaduidísh shin a ghiànav. Dá iamuish shin, nuer a pósag m'ahir agus mo vâhir ní roiv an shgiàl inéachor chô holc ig ferimeóirív na Hérean agus ví shé acù tamal 'na ghia sun. Ví práty a fás agus ví airigead mah le fáil er ím. Ghiànhach an t-ím an cís agus ansùn vèach gahän tora eli dá muinfí as an dalav, véach shé ig an verimeóir dò fén. Do chohóch na práty agus an baingi an lín-tí, agus chuirhach sdráici lín agus an olan a vèach er hrí cíng de chuíriv balcas iàduig orha.

Is fíor go míoch drohveas an uer shin er an bráta agus er an mrän baingi mar vie. Ach tá sò le rá agùmsa inish, a fiàchuint sh'ar dom er an ayimshir shin agus er an mie shin agus er na duíni a tógag lesh an mie shin. Na fir agus na mná a ví an uer shin a nEring ba hreshi agus ba gheàhláintí iad go muar ná na fir agus na mná atá aun inìsh. Ní fictí chuíhi an uer shin cailín ná buachuil gan lán bél d'iacaluiv breáha láidiri geala ishdìg a geaun gach duini acù, agus gach fiacal acù sun chô crueg chô daingean le caruig chloihi. Cad a chítear inìsh? Ní túishgi a gh'ásid na fiacala a miàluiv na leanav ná shúd a dreó agus a feócha iad láirhach, agus ig imeàcht 'na smúsach, agus go gaitear fiacala briàgacha do chur ishdeàch nú ní iatach an leanav bie gh'ihi inéachor! Cad a chuirean an dreó agus an feócha er na fiacaluiv? Cuirean an droh-ghuili. Agus cad fé neár an droh-ghuili? Cad fé near é ach an bie veh míòláin. Agus an bie míòláin shin a ghinean an t-érleach sun er na fiacaluiv, ar nóin tá's ig an säl go ninean shé díováil vuar don choluing go lér. Tá's ig an säl nách fédir do leanav, do gharsún nú do chailín veog, sláinti cheart a veh acù nuer a víd na fiacala a lei er an guma sun amàch as an geaun acù. Dá m'ayil leó an té agus an vulóg ván do chahav uaha, agus croma irísh er an bráta agus er an maingi do chahav mar vie agus mar ghig, nú er an arán cruingeàchdan d'ihi a n-inead na bulóigi baini, véach fiacala agus guili agus sláinti acù mar a víoch ig á shínshar.

Is dó lium gur b'é cuíni is shie am' cheaun mi veh er a bacaluing ig mny égin, ní cuín lium inìsh cé'r v'í. Ví shí 'na sheasav er ay an doruish ishdeàch, a dreó go roiv rayrc agùmsa an doras amàch agus anún er an maili er a dugtí an Duiri Lieh. Ví agus tá fós, droum fada fiacalach beárnach er an gnuc sun, agus is cuín lium go mah mi veh a diànav úna des na fiacaluiv agus des na beárnachuiv a ví eatarha, agus ghá iarhy ghíom fén cad fé neár iad a veh chô garav sun a nroum an chnuic shin. Is cuín lium, 'na ghia sun, conas mar a chuireas aihini er chnuc atá lastueg den Duiri Lieh agus gur v'é ainim a tugtí er ná an Chura Lieh. Tamal 'na ghia sun irísh is cuín lium go vicing, sir ó gheas ó n-ár noras fén, tig agus cruíng vuara 'na hímpal, agus go nertí lium gur v'é shin tig Chiuván Ní Vuachala er Bán an Teana-Chnuic, nú, Bár an Teana-Chnuic, ní eadar ceocu. Ví mac ig Shuván Ní Vuachala, agus Crochúr O Corcorha a b'ainim dò. Chuireas aihini er nuer a víomuir arän eirihi suas. Fear galánta crediûnach a b'ea é, agus córsa vah.

Tar ésh rayint ayimshiri vís ábalta er ghváil amàch sa chlós agus er ghul sir go cúingi na hihalan, a dreó go míoch rayrc agùm, ní haváin anún er an Gahirín agus er a Nuiri Lieh agus sir ó hueg er an Gura Lieh, ach anún, lesh, er ár guid tailiv fén go lér. Níor halav fónta é. Ví an chuid ba vó ghè fiàin, gan särhu ryav. Ví bóhar ó chúingi na hihalan anún go dí áit er a dugtí Bara na Rä, mar a dáinig bóirhín eli crosda er. Ví tig beog ig an gruish shin agus Peg na Cruishi a tugtí er heana-vny a ví 'na cony sa tig veog sun. Sheana-vean gheas ghrávar a b'ea í. Is minic 'na ghia sun a hugas tamal de lá 'na tig beog a cayint lé. Ní roiv

ān ocal Biàrla icí, ach ví Gāluing ana-vreá ana-vlasda icì. Beanàcht Dé lena hanam!

Cúingi na Rā a tugtí mar ainim er an dāv eli den vóhar ó hig Feg na Cruishi. Lingna a b'ea an rā shin. Rā gan puíng tairifi a b'ea í. Ní roiv a fás erhi ach frāch, agus ní puíng de shin fén a ví a fás erhi. Do brishag ishdeàch 'na ghia sun an cúingi den rā shin a ví a n-aici na cruishi, agus Páircín Chúingi na Rā a tugag mar ainim er an báircín a dineag aun.

Tamal beog shiar ó hueg ó Fáircín Chúingi na Rā, agus ó hig veog Feg na Cruishi, ví tig beog eli agus ví mac do Feg na Cruishi 'na chôny aun. Ví shé pósda ig mny de vuíntir Chriadáin. Máire Rua a tugtí er an mny shin. Lourás a b'ainim don ear, do vac Feg na Cruishi, Lourás O Duinín. Ví iníon ig an mert shin agus Peg a b'ainim di. Peg Louráish a tugtí erhi. Ní roiv ān ocal Biàrla icì, ná ig a hahir. Shiní an cailín beog a víoch ig ínshint na shgiàl dúing. Ishí gh'inish an shgiàl sun Hiàna ghúing. Vís fén ig éshdeacht lé á ínshint. Víomuir go lér óg go mah an uer shin. Do chimeádas an shgiàl am' cheaun, agus do chuireas shys a leour é mórán blianta 'na ghia sun. Ní dó lium go vuil ān ryan de hig Feg na Cruishi le fishgint ig an gruish inìsh, ná ān fiuc de ryan an tí vig eli ach chô beog. Ní eadar cá vuil Peg Louráish inìsh ná a mairean shí inéachor. Tá Lourás fén agus Máiri Rua tar ésh váish le mórán ayimshiri, gura mah an vaishi dá n-anam é!

D'airís rod a ghin Máiri Rua nuer a ví an droh-hāl aun agus b'édir nár vishdi é gh'ínshint ansò. Er an ngary práty isheà vaireach gahān duini bocht an uer shin, agus er pé brān baingi a gheych shé ón verimeóir go míoch shlí fir ebiri igè ueg. Hugach an ferimeóir leah-acara tailiv leasihi don ear ebiri agus do ghíolach an fear ebiri cís an tí vig, agus pé rod a víoch le díol as an leah-acara, lesh an obuir a ghineach shé don erimeóir. Víoch an bata sgóir acù, agus chimeáduidísh arān an cúntas er an mata sgóir. Is âuluig a víoch an bata sgóir 'na ghá leah er a aid, agus leah acù ig an vear ebiri agus an leah eli acù ig an verimeóir. Nuer a víoch an cúntas acù le cur shys, do haguidísh a vochuir a chéli agus a leah fén den vata ig gach duini acù. Ansùn, cuir a gás go mèach chúig lá ebiri diànta ig an vear ebiri, do híndidísh an dá leah-vata suas lena chéli agus do gheárhach duini acù chúig sgóir le shgien er an dá leah-vata sgór, nú fáibri a n-ayig gach lā ebiri dár dineag. Do geárfí na fáibrí a dreó go lyhach an shgian er an dá leah-vata a n-éneacht, agus go mèach gach fáibri geárha ishdeàch unta arān. Ansùn do chimeátach gahéngi a leah fén den vata sgóir, agus níor v'édir d'éngi acù iàgóir a ghiànav er a nuini eli, mar níor v'édir sgór do gheara amàch ná sgór do chur ishdeàch gan an dá leah-vata do híni le chéli irísh, agus nuer a shínfí le chéli iad do chahach na fábirí teacht ishdeàch lena chéli cruíng, fé mar a gearag iad er dúsh. Sar a dáinig an duv er na praty víoch an tora chô mah sun go míoch a nóhin muar híg, a góir na bliana, ig línti ná bèach ró-vuar, sa méd práty a vèach sa leah-acara tailiv leasihi. Dá mèach líntí muar aun ní vèach acù ach bresh tailiv leasihi do veh sa ghary acù. Ní roiv ān chuíneav acù er ān tays eli híg, agus dá mèach fén ní roiv ān áil acù er. D'ág sun a húngc úhásach iad nuer a háinig an duv er na práty.

Ach a dāv Váiri Rua. Ví an gary icì fén agus ig Lourás. Háinig an duv er. D'airís í fén á ínshint conas mar a chah shí an lá a fiàchuint er an ngary, nuer a ví na gaish a lou agus a titim, agus í a gol, agus ná fedir shí an dôun cá vayidísh ān rod le n-ihi. Ní roiv ān vah sa ghary. Nuer a ví pé rayint híg a ví sa tig iti acú, do ghuíl an t-ocaras er Lourás bocht. Háinig dahacha er. Ní iatach shé eirí as an leabuig. B'égean do Váiri gváil amàch a "sláhar," mar a dertí, shé shin a diaruig déarca. D'imíoch an vean sun amàch er maidin, agus í er dúchiàlacan, agus héach shí shiar go Claedig,

treasna na gnuc, ceahir nú cúig de víltiv shlí. Ví duíni muíntearha égin ansùn ie. Do tugti galúinín baingi ghi. Hugach shí lé availi an galúinín baingi shin. Chuireach shí er an dini é go dí go nineach gruh agus meyg de. Ansùn do hugach shí an gruh do Lourás agus d'ólach shí fén an meyg. Do lean an vean sun a diànav an ghnív shin go dí go vuer Lourás bocht bás. Ní eadar-sa cá roiv an "vean uasal" eli do ghiànhach an uer shin é. An credeav láidir a ví ishdìg 'na cry, ishé a chuir iàchuint er Váiri Rua an gníov sun do ghiànav.

Ach ní roiv än chuíneav ig éngi a Néring er frátuív dú an chiàd lá úd a heasysa ig cúingi na hihalan a fiàchuint anún er hig Feg na Cruishi, agus er Fáircín Chúingi na Rä, agus er hig Váiri Rua, agus er na páirceanuiv beoga eli atá ueg shiar—Páirc na Dulachán agus Páirc na Luachra—agus er an Gnucán Rua agus er an gayshéar atá diànta, anuas tríd an Gnucán Rua agus tríd an bortàch, ig sruhán a hagan anuas ón Gura Lieh. Táid shiad go lér ansúd fós díreach mar a víodar an chiàd lá a gh'iàchasa anún orha ó chúingi na hihalan. Táid shiad go fuar agus go fiàin agus go bocht, ach má táid fén is orha is feár lium veh a cuíneav inìsh nuer a víon uen agùm er chuíneav, mar is orha agus er a niànav a vís a cuíneav an chiàd uer ryav a hínshag dom gur v'é Die a ghin an dôun.

III—RÓGUIRÍ

Do héng sir go minic go cúingi na hihalan, ach do b'ada go neis hairish shin sir. Ví blúiri beog de halav gan daingean lastueg den ihaluing, agus an Sheana-Vacha a tugtí er. Ní roiv än cheart ig éngi shachas a chéli chun an Teana-Vacha, mar níor v'iú än rod é. Ví duíni 'na gôny a dig a ví lashtiar dár dig-na. De vuíntir Iarluihi a b'ea iad Víoch géana vuíntir Iarluihi er an Sheana-Vacha go minic. Ví er na géanuiv shin gaundal muar bán, "sgafuiri glégeal gaunduil." agus ní roiv an behych aulta sun le fáil, sa nAfric heas ná ins na hIngiehiv hir ná a n-än fáirt eli den dôun, a gh'iatach sgâura do chur a gry än duini mar an sgâura do chuireach an róguiri gaunduil shin am' chry-shi an uer shin. Nuer a haguing go cúingi na hihalan agus nuer a chíng na géana er an Sheana-Vacha, do rihing harnaish chô giàr agus do rihach duini ó león by nú ó leon breac. Dá mèach na géana avàd suas uem d'anhing tamal, b'édir, a fiàchuint orha, ach vìoch mo cheaun croumha agùm agus mi er sgáh na caruigi sar a viceach an gaundal mi. Uereanta víoch rayrc mah agùm er agus gan än rayrc igè oram. Níor v'iúna an sgâura. Nuer a hógach shé a cheaun agus heasych shé suas díreach víoch shé ní b'uírdi go muar ná mishi. Do higing uereanta go viceach shé mi go mah, ach go míoch an bihûnach á leoguint er ná ficeach. Víoch a cheaun croumha igè agus é a piuca an ér ghluish, ach víoch is agùmsa go mah gur a fairi oram a víoch shé, agus a fihav fiàchuint a raying amàch er an Sheana-Vacha, a dreó go shínhach shé a vineál fada bán agus go ruihach shé chúm chun mi gh'ihi Do chuas amàch er an Sheana-Vacha än uer aváin nuer a veasas ná roiv shé fén ná na géana aun inéachor. Víodar aun a ganas dom Níor hugas än rod fé neara go dí go veaca chúm é, agus a cheaun chun an taliv igè, agus a vineál shínti igè. Do véceas agus do rihas. Do riugas no cosa ueg, ach b'er égin é. D'iúmpa shé harnaish agus d'aireófá mih ó vaili é a shgreaduig agus a myv as a ngaishgi

a ví diànta igè. Do chnuc agus d'airís go minic ó hin an shgreadach chiana agus an myv ciàna a teacht à gaundal nár ghé, a gaundal fir, mar gheaul er ghníov ná roiv ān fiuc ní ba chróga ná gníov a ghaunduil úd a ví er an Shíana-Vacha an uer úd.

Tá páirc er ay an doruish amàch, agus "an fáirc shin amùh," a tugtí an uer shin erhi. Ví beárna er ay an doruish chun dul ishdeàch sa fáirc shin. Do vuelingshi amàch, agus sir an veárna sun agus sir trí lár na páirci, uereanta, nuer a víoch an gaundal er an Sheana-Vacha. Ansùn víoch rayrc agùm ó hueg er an Gnuc My, agus er an Gäl, mar ar maryg gaundal eli avàd 'na ghia sun, agus er Ghleaun Daiv, mar a roiv Tayg na nUv 'na chôny; agus suas er Charuigín an Rayirc, agus er Huirín an Chasúrluig, agus shys er Fáirc na Gloch agus er Fáirc na Coshi agus er Fáirc na Houn agus er Fáirc na Gainí. Chuireas aihini orha go lér a nia chéli. Páircíní beoga bochda crua a b'ea iad. Drohhalav a b'ea an áit go lér. Ach sar a dáinig an duv er na práty d'ásidísh go mah a n-ān tays tailiv, agus bie breá foláin flúirshach a b'ea iad do ghuíniv nú do vuev nú do chapuiliv, nú d'än rod beó a gh'iatach bie a gh'ihi inéachor. Vèach blien inìsh agus irísh, b'édir, agus hucach meahalú er na garuihiv, trí hioramacht ayimshiri, nu trí ghroh-ghuíh égin, nú mar gheaul er ghalar égin a vèach er an shyl, a dreó go vanhach na práty róvion, nú ná bèach ān ávar acù sa talav. Húrhach sun blien ghana-chúshach do ghuíniv. Vèach "Crochúr Muar sa Chúingi," ig á lán. Ní anach puíng d'ān tays eli bíg sa tír. Pé gráingi arúir a sārhítí do caití é ghiol, nú an chuid ba vô ghè, chun an chísa ghiànav. Ghineach duíni a níhal chun iread des na prátuív miona do chimeád agus ghiànhach an gary do chur a góir na hahvliana. Ansùn, b'édir, do hucach an ayimshir go rafar a gahav na hahvliana. D'ásach na garuihi go sevir, chô sevir shin go mèach na clasa dúnta ins gahän ghary a gahav a tâuruig, agus brat troum de vláhanuiv bána orha a neri an tâuruig, agus práty nó le fáil unta íhi Lúnasa, lán shgéhóigi fé gahān ghas, agus nár ih duini ryav ishdeàch 'na viàl bie do b'eár ná iad. Ansùn ní chuíneóch éngi an chuid eli den vlien shin er "July an chabáishdi!"

Ishé cúsh 'na dugtí "July an chabáishdi" er an mí shin ná so—nuer a hagach drohvlien ní víoch ān rod le n-ihi ig duíniv ach an cabáishdi a gahav an ví shin, a dreó nuer a hagach íhi Lúnasa agus na práty nó, go míoch árd-áhas er gahéngi deri veh le "July an chabáishdi."

Núer a víoch mo chuerd túrha agum tríd a páirc a ví er ay an doruish amàch, do héng sir sa fáirc a ví lastuìr di. An Fáirc Ghranach a tugtí er an báirc shin, mar ví shí árd 'na lár fé mar a vèach drún erhi. Is dó lium gur ón árdán sun atá a lár na páirci drany shin a fuaras an chiàd rayrc shys er a báirc my agus er chnapóigín páirci atá lashtís di go dugtí "Ard Fádruig" erhi. Ní eadar canahäv gur tugag "Ard Fádruig" erhi, murab âuluig a veas duini égin go roiv deauruv éigin ici lesh an Ard Fádruig úd atá lastueg den Veárnuin Dearag a Gúntä Luiminí. Pé'n Ering é ví aihini vah agùmsa er an Ard Fádruig a ví a n-ár guid tailiv fén avàd sar ar chuireas ólas ná aihini er an Ard Fádruig eli.

Is dó liùm, lesh, gur am' heasav er lár na páirci drany a vís, am' heasav er vara na druingi, nuer a leogas mo húil an chiàd uer ryav er Ghaingean na Saileàch. Shiar ó gheas uem isheà chnuc an daingean sun, agus ishé a ví a fiàchuint go garav agus go goirigeach agus go míchorhamach. Níor mishdi daingean a húirt er. Níor ghó le duini go viatach ān rod beó dul ishdeàch er; agus dá déach rod ishdeàch imeàsc na garuigireach sun ná bèach ān vreh igè er hacht amàch go deó asda, táid shiad chô míchysach sun, chô haunsbianta sun. Ach canahäv gur tugag Daingean na Saileàch er? Ní roiv iread agus an meahán ba huary de hlait sailí ná de hlait fuínshóigi ná d'ān tays eli slaiti le fishgint er na caruigireachuiv giàra glasa loma atá er,

ón geaun hueg dé go dí an ceaun heas, ná óna vulàch go dí a vun. Bíoch âfach, go roiv sun mar shin an chiàd la a fuarasa rayrc shiar er ó lár na páirci drany do hínshag dom 'na ghia sun ná roiv na caruigireacha chô nochduihi shin a gôny. Duert fear lium a ví trí fihid blian d'uísh nuer a rugag mishi, go roiv Daingean na Saileàch clúduihi go breá le cuíltiv nuer a ví shé fén 'na gharsún, agus ná bèach bac èr dul ón geaun hueg go dí an ceaun heas den chnuc er ghiàguiv craun, gan ãn chos lesh do chur er an dalav. Do leagag an t-aymad, ach do lean an ainim, Daingean na Saileàch, er an gnuicín.

Nuer a víoch gort sa fáirc er ay an doruish amàch, ní iaduing dul amàch inti ná dul tríhi sir, mar víoch an t-arúr ní b'uírdi go muar ná mi fén agus do raying amú aun. Ansùn, nuer a víoch an gort buinti ní iaduing dul sir tríd an báirc, mar víoch na cuínlíní agus na briugadáin sa chuínleach agus do friucuidísh mo chosa. Ní víoch bróga er ãn leanav an uer shin, ná er ãn duíni óga. Er ghuíni a víoch eirihi suas fén ní víoch bróg ná sdoca ach aváin Dé Dôunuig, nuer a vídísh a dul go dí an tAifirean, nú an lá a vedísh a dul a n-áit égin as baili. Víoch a ryan er, víoch cosa crua fláini acù gan beaun er uacht. Inìsh ní fláir bróga do chur er chosiv an liniv avàd sar a viadan shé shúl ná cos do chur er a dalav inéachor. Fágan sun cosa leci ig á lán acu, leceacht cos a leanan díov a gahav a sél. B'eár an teana-hlí.

Is cuín lium lá áirihi nuer a vís, is dó lium, trí bliana gh'uísh. Ví gort nú cuínleach sa fairc a ví er ay an tí amàch, a dreó go m'égean dom fanúint ishdìg. Ví bata agùm agus mi a marycht an vata shys agus suas er fuid an úrláir, mar gh'ea gur chapal an bata. Chnuc a lán duíni iasachda amùh sa chlós agus iad a cogarnuig agus a cayint. Higeas go roiv duini muar égin a teacht agus go roudar a fihav lesh. D'airíng inìsh is irish an focal "an máishdir," agus "Mr. Saunders." Fé gheri do háinig duin' uasal muar beahihi ishdeàch, agus do hig shé er chahír a lár a tí, agus do líon na duíni iasachda go lér ishdeàch 'na ghieg. Ví m'ahir er ghuini den vuíntir a háinig ishdeàch. Ishé do chuir an chahír a lár a tí don duin' uasal chun go syhach shé erhi. Ní roiv focal à héngi. Ní víoch sgáh ná agal oram fén an uer shin ruim ãn tays duini uasal ná íshal, murar v'unan is ruimish an ngaunaal úd. Shúd anún mi agus do heasys er ay an duin' uasil amàch.

"Good morrow, Mr. Saunders," ersa mishi lesh, go fáilteach.

"Oh, good morrow, boy! Good morrow, boy!" er shishan agus do riug shé er ghualuing oram agus hairig shé chuigi mi go rous idir a ghá ghlúin igè.

"Tell me, my boy," er shishan, "did you eat any meat to-day?"

"Don't you know," ersa mishi, láirhach boun, "that I ate a piece of a goose long ago when it was Christmas!"

Veasas go diteach an t-anam tur teh as a roiv láirhach le neart gáirí. Do gháir an duin' uasal fén, lesh, agus do sguil shé ueg mi.

Is cuín lium an méd shin inìsh chô mah, chô glan, agus dá ma iné nú shachduin ó hin a hiteach shé amàch. Is cuín lium, lesh, go dian-vah an úna a háinig oram nuer a chnuc a cur an anama amàch a gáirí iad go lér, agus ní feaca fén go roiv ãn chúsh gháirí sa méd aduart. Háinig lá, tamal 'na ghia sun, agus do higeas go háluing cad a chuir a gáirí iad.

Chun an chísa d'árdú orha go lér isheà háinig an "Máishdir" an uer shin. Nuer a chuir shé chúmsa an chesht a dãv na feóla is âuluig a ví shé a lorag leashgél. Dá n-abaruingshi, gur ihas feóil an vaidean sun, nú iné ruimish shin, nú shachduin ruimish shin, do vèach an leashgiàl a ví ueg igè. D'iatach shé a reá:—"Bíon feóil le n-ihi aguìvshi gachãn teachduin. Tisbeánan sun go vuil mo chuid tailiv-shi aguìv ró-hãr. Caha shiv tuili císa húirt dom!" Ach nuer ná roiv ig an leanav le myv ach gur ih shé smut de

ghé fadó nuer a ví an Noluig aun, do buineag na cosa ó ăn leashgiàl chun císa d'árdú. Shiné an rod a chuir a gáirí iad go lér. Do gháir an duin' uasal fén, ach is dó lium gur v'í "gáiri Cheáin dóiti" an gháiri a ghin shé. Do sguíl shé ueg mi tapuig go mah er ăn chuma. Níor heasduig a hili den ghé ueg.

Ní dó lium gur iad shé an cís a gh'árdú an uer shin. Ví lés ig na tineóntuihiv er an dalav. Níor v'uirishdi an cís a gh'árdú orha go dí go diteach an lés. Mar shin fén, ăfach, lés mi-ávarach a b'ea é. Lés a báirt a b'ea é. Hug sun ana-vúntáishdi don váishdir. Dá vágach duini des na tineóntuihiv a chís gan díol, d'iatach an máishdir a chur iachuiv er an guid eli é ghíol har a cheaun.

Sa vlien d'uísh an Tiarna míli ocht giàd a hăn (1801) isheà do dineag an lés. An uer shin díreach isheà ví "ayimshir Vónapart" a tosanú Níor v'ada go roiv airigead muar le fáil er gahăn rod a ví ig an verimeóir le díol. Do hig an máishdir an méd shin agus ví a chry brishdi mar gheaul er an lés a veh aun á chosc er ăn árdú císa. Do chroum shé fén agus an t-"agent" a ví igè er an ili hays ishgi fé halav a ghiànav fiàchuint a viatuidísh an lés do vrishi. Shidí an teft er ar hocarydar chuigi shin. Ví er na tineóntuihiv ăn duini aváin ná bíoch a chís olav igè nuer a víoch shé a glăch. Do sguíleag lesh er feag rayint blianta go dí go roiv shé mórán a nie lâ. Ansùn do hélíog er a guid eli an cís a ví er an vear sun. D'eirig ana-chlaumpar dlí mar gheaul er shin. Ní ghíolhach an chuid eli cís an ir shin. Níor veog le gahéngi a chís fén do ghíol. Do veas an máishdir go viatach shé an lés do vrishi mar gheaul er shin. Tar ésh mórán cosduish agus mórán claumpuir do ghíoladar é agus do hug an dlí ghóiv talav an ir shin go dí go mèach a guid fén fálta harnaish acù as an dalav. Tamal 'na ghia sun d'eirig claumpar eli den tays chiàna. Ní cuín lium go roiv an áit ăn lá ryav gan claumpar den tórd sun go dí gur hit an lés sun tímpal na bliana 1874. Do hárdyg an cís ansùn a verimitiv. Ach níor díolag puíng ryav den chís árd sun. D'an an chuid ba vó ghè gan díol go dí go dáinig an sdailc úd a cuireag suas a guingiv crua-chísa.

Tá a guid tailiv ceanuihi amàch inìsh, fés na dlihiv nó so, ig cluíng na nuíni a hug an ayimshir úd go lér a troid a guingiv na hiàgóra.

IV—CLAUMPAR DLÍ

Is cuín lium, agus mi ana-veog, veh am' hy sa chúingi a n-aici na tini tránhóna gîrig. Ví sheana-Ghiarmuid O Laeri, drihàir ahar dom' ahırshi, 'na hy er chahír lasmùh ghíom er an dăv giàna den tini. Dá chôrha, sun fén ví gayr lesh a háinig a n-éneacht lesh, 'na ly ishdìg idìr chosiv na cahíreach. Hagach shé fén agus an gayr go minic mar shin chúing, nuer a víoch na híhanta fada aun, agus hugach shé tamal de hosàch na híhi a cayint agus ag ínshint sheana-sgiàlta. An íhi sho aderim do hárla ghò veh a trácht er an giàd chlaumpar dlí a gh'eirig imeàsc na dineóntuihi mar gheaul er an lés a veh a báirt acu. D'eirig an claumpar sun avàd sar a dánagsa er an săl. Ní roiv m'ahir ach 'na leanav nuer eiri shé. Ví duini des na tineóntuihiv 'na chôny er an dăv hueg den chnuc, ig bun na faili er a dugtar Favil na Viach. Leaba Ghiarmada a tugtar er an dăv

sun den chnuc agus Lis Caragáin er an däv heas mar a roumuir fén a n-ár gôny.

Ví an lés rayint blianta er bih. Ví an t-airigead breá muar dá áil er gahän rod mar gheaul er choguív Vónapart. Ví an "Máishdir" go cráiti caungcarach toishc gan neart a veh ghò an cís d'árdú. Ishé rod er ar hocara shé fén agus a reachduiri ná sguíli lesh an dineónty a ví er Leaba Ghiarmada agus gan än leahfingi císa d'éleav èr er feag avàd. Do leogadar orha gur le trua ghò do ghineadar é. Ní víoch an cís igè nuer a víoch shé a gläch agus an chuid eli a díol agus do leoguidísh orha nár vah leó veh dian er. Nuer a ví iread amuh ige agus gur ghó leó go niúltóch an chuid eli d'e ghíol tar a cheaun do chomáineadar an dlí er shúl. Do chosin an chuid eli an cás. Tar ésh mórán triubalóidi agus mórán cosduish do vuadar er an máishdir. Do ghíoladar an cís har cheaun an ir a gh'an shiar, ach do tugag dóiv úsáid na ferimi a ví igè-shan go dí go mèach a guid fén acù harnaish aishdi. Ansùn isheà d'eirig an toramasc er fad. Ní húrhach fear na ferimi talav ná airigead dóiv. B'égean dóiv gváil trí chúrsa eli dlí chun é chur à sheliv, agus nuer a ví údarás dlí acù chun na shealú b'égean dóiv fén dol agus é chur amàch, nú é ghváil 'na frísúnach, gan än chúnav ó aramáil na rychda.

Do chruingig cualacht díov. Ví cuid acù luah láidir óg. Ví fear díov go roiv anaurachar ciotóigi igè. Æn rod go gahach shé cloch lesh as an giotóig do vuelhach shé é. Dônal O Tuahig a b'ainim dò. Ní roiv ån aram tini acù. Hugadar ayig er a dig. Sar ar hánadar ró-achamuir don tig háinig an fear a ví uaha amàch agus guna igè. Do sdad cuid acù nuer a chnucadar an guna. D'ayimshig Dônal O Tuahig ghá chloih, cloch ins gach lâiv lesh. Do chiúla shé go raeg a dreó an ir go roiv an guna igè. Do hóg shishan an guna agus hín shé a dreó Ghônuil é. Níor sdän Dônal. Do chiúla shé cos er choish a dreó an ghuna. Heasduig ó Ghônal teacht a ngiuràcht faid a urachuir fén d'ear an ghuna. Nuer a fuer fear an ghuna a teacht rô-achamuir dò é do ghoiv shé amas cruíng er agus hairig shé an tricear. Do vuel an casúr a vuili ach do hep tini. Do lean Dônal a teacht. Do hóg an fear eli an guna irísh agus hug shé iaracht eli er an urachar do chahav. Do hep tini an tarna huer. Do hep tini an tríú huer. Fé gheri ví Dônal chô hachamuir agus heasduig ueg veh. Do chah shé urachar na ciotóigi. Do hayimshíog fear an ghuna a glár a iàduin iesh a gloih díreach sar a roiv uen ige er a viàr do ly er an dricear an cearhú uer. Do hit shé. Do tógag ueg an guna agus do ceangalag é. Nuer a háini she chuigi fén ví shé ishdìg a gara trucuileach agus iad á vreh leó go Machroumha 'na frísúnach.

Ní roiv de sdoc acù le túirt leó as an áit ach cúpala sheana-chyra. Víodar a gváil ahys bóhar na Cahiríneach agus an dá heanachyra rómpa amàch agus an guna 'na lâiv ig duini acù. Víodar deinihach go roiv an guna folav agus gur v'in é cúsh 'nar hep tini na trí hueri as a chéli. Higeadar ná roiv ón vear ach agala chur orha; ná roiv än ayim ige er éngi do varú. D'eirig ayineas égin eatarha. Ví an t-ayineas a dol a ngéri. Do hóg an fear go roiv an guna 'na lâiv igè, do hóg shé an guna le sbórt, mar gh'ea chun an ayinish do chosc. "Esht do viàl nú lâfad tu!" er shishan le duini den vert a ví a diànav an ayinish. Ví a viàr er an dricear. Do luig shé er an dricear. Le líng ly er an dricear dò do vuel fear eli lâv er vairili an ghuna agus d'iúmpa shé a leatuív é. Do ghluesh an t-urachar 'na lán neart agus do hit ceaun des na cuíri marav er an móhar!

Ví úna agus aultacht orha go lér. Ní roiv än chuingi acù ná go roiv an guna folav. Do chah an fear go roiv an guna 'na lâiv ige, chah shé é fén er ghealacán a ghá ghlún er an móhar a breh a vächuish le Die nár v'é an duini a ví marav igè a n-inead na sheana-chārach. Agus b'é duini vèach marav igè ná an Dônal O Tuahig ciàna do ví tar

ésh an frísúnuig do leaga tamal beog ruimish shin lesh an gloih a chah she as an giotóig lesh.

"Iriú, a chrochuiri," er shiad go lér lesh an brísúnach, "do veasish dáiríriv Dônal O Tuahig do lâch!"

Níor iouir an prísúnach focal. D'iúmpydar er agus do geófí go mah er mura mèach Dônal O Tuahig á chosint.

Do rugag shys go Machroumha é agus do cuireag trí pé cúrsy dlí a ví ryachdanach é. Do ghíol duini égin des na tineóntuihiv an cís a ví er an verim agus do tugag dò an erim go dí go mèach a chuid fén harnaish igè aishdi.

Vísa ig éshdeacht lesh an méd shin shgél agus mi sáiti ishdìg sa chúingi agus níor chueg ăn ocal den shgiàl amú uem, agus ní roiv iread agus ăn ocal aváin dár háinig chúm gur ghá ghom a gh'iarhy cad é an brí a ví lesh. Higeas an chayint chô cruíng agus do hig sheana-Ghiarmuid fén í.

Lá égin tímpal na hayimshiri ciàna ví bert ear ag obuir hís a Báirc na Gloch. Ní cuín lium inìsh ceoca a cur fráty a víodar nú a buint fráty. Vís fén aun, lesh. Vís am' heasav er a n-ayig amàch ag éshdeacht leó agus iad a cayint. Ish iad bert a ví aun ná Lourás O Duinín agus fear 'nar v'ainim dò Míhál O Laeri. Firín ana-veog, ana-ghuv, a b'ea é, agus Míhál Duv a tugtí er. Pé cayint a ví er shúl acù measim gur b'âuluig nár vah leó mishi veh ig éshdeacht chô giàr lesh an gayint. Chahadar uaha an chayint agus d'iúmpydar oramsa.

"Shea inìsh, a Feaduir," ersa Míhál Duv, "ceoca aguìng is measa leat?"

"Is measa lesh mishi," ersa Lourás.

"Huguish t'éhach, ní measa," ersa Míhál. "Is measa lesh mishi," er shishan.

"Derimshi gur briàg ghoit shin," ersa Lourás, "is measa lesh mishi."

"Cuirhi mé geaul leat," ersa Míhál, "gur measa lesh mishi."

"Shea, a Feaduir," ersa Lourás, "ceoca aguìng is measa leat?"

"Is measa lium tusa," ersa mishi, "agus is feár lium Míhál."

Do sdad an vert agus d'iàchadar oram. Ansùn d'iàchadar er a chéli agus do shgeartadar er ghàirí.

"Iriú, nách giàrchúshach an bioránach é!" ersa Lourás.

"Is ait an freagara é," ersa Míhál Duv. "Is measa lesh tusa agus is feár lesh mishi!"

Lena ling shin d'iàch Lourás anún a dieó a hí fén a ví haul er mulàch na rā. Ví gáirdín beog cabáishdi igè haul er ay an tí amàch. Ví cúpala gour igè haul, lesh. Do hárla, nuer iàch shé anún, go roiv an dá ghour 'na sheasav a n-aici chly an gháirdín, lasmùh den chly, ach gur ghó le duini gh'iàchach orha ó Fáirc na Gloch, go roudar lashtìg den chly. Cheap Lourás bocht gur lashtìg a víodar agus na fácuidísh ăn vlúiri den chabáishdi gan ihi. Chuir shé a viàr 'na viàl agus do leog shé fead vreá láidir víng er an muíntir haul. Ní roiv ăn vah ghò aun, níor airig éngi é. Do leog shé fead eli. Níor háinig éngi amàch as an dig.

"O, a chreach láidir é! Mo gháirdín breá! Be shé iti! Be shé iti!" er shishan.

Shúd anún é agus é a ruih. Nuer a hrosh shé an áit haul fuer shé gur lasmùh den chly a ví na gouir, agus ná roiv ăn vlúiri dióvála diànta don gháirdín.

V—GHÁ ARAM AIGINI

A fiàchuint shiar dom inìsh er an says Gäluingi a ví dá louirt am' hímpal ins gahäval an uer shin, agus á cur a gúmparáid dom lesh an nGäluing d'airíng 'na ghie sun a n-áiteanuiv eli, téan shé 'na ly go daingean er m'aigini go roiv shí nís feár agus nís cruingi agus nís slachdvuiri, agus 'na haunta sun nís treshi mar aram aigini, ná än tays Gäluingi dár airís ryav ó hin, à biàluiv duíni ná à leouruiv. Dá cur a gúmparáid dom le teaunghachuiv eli, le Laidean nú le Grégish nú le Frayingcish, fé mar d'oulamys rayint díov 'na ghie sun, téan she 'na ly er m'aigini gur v'eár d'aram aigini í ná än teanga acù. B'édir go roiv an Ghrégish ní b'eár ná í nuer a ví an Ghrégish beó agus muíntir na Grégi á louirt, ach ní roiv er mo chumasa an chúmparáid a ghiànav ach aváin idìr mo Ghäluing veó fén agus an Ghrégish a fuaras ins na leouruiv, agus chô fada agus chueg an chúmparáid shin ví an bua igam' Ghäluing fén. Is dócha go niàrhach duini a tógag a n-áit eli, nú a gúigi eli, a nEring, an rod ciàna a däv Gäluingi na cúigi gur tógag é fén aun. Ach tá rayint nihi aguìng chun an shgél do vrah. Sar ar ágasa Lis Caragáin níor airís ryav amàch à biàl duini na habarha so, shé shin, "tá mé," "ví mé," "ví shiad." D'airíng a gôny "táim," "vís," "víodar," &c. Nihi beoga isheà iad sun, ach is nihi beoga iad a hagan ishdeàch go mion minic sa chayint. Agus is slacht er an gayint an mó dlúiti shachas an mó sgurha. Er an guma giàna, is neahiacht er an gayint an mó sgurha shachas an mó dlúiti. Dá iàmuish shin bíon sa chayint ghlúiti neart agus fuingeav nách fédir a veh sa chayint a víon a titim as a chéli.

Lasmùh er fad den defiríocht sun atá, a slacht agus a neart agus a vuingeav, idìr an chayint go míon a lán den vó sgurha inti agus an chayint a ghlacan mar rou an mó dlúiti, ví sa Ghäluing a ví am' hímpalsa deh mliana agus trí fihid ó hin, tréhi chun nirt agus chun fuingiv agus chun deshviàly agus chun géri urloura agus chun solasvuiri, nách fédir lium a gh'áil inìsh a n-än tórd cayinti dá vuil er shúl, a Miàrla ná a nGäluing. Tá bár á húirt don vó sgurha sa Ghäluing agus mó sgurha er fad isheà an Biàrla. Tá an Biàrla titihi as a chéli er fad.

Mura mèach an vean úd a háinig adueg agus do hug lé an ainim chúil le cini úd ní vèach "Peaduir" mar ainim oramsa. B'édir ná beng aun inéachor. Agus mura mèach gur díbreag amàch imeàsc na gnuc sheana-Varnabí agus a vert vac, Diarmuid agus Peaduir, ní vèach an Ghäluing agùm, nú ní vèach shí er än tlacht agùm, agus ní veng á shgrí ansò inìsh mar atáim. Táim a diànav mo ghíhil er í chur shys am' shgríving díreach mar a fuer mo chluas í ó ghuíni mar heana-Ghiarmuid O Laeri, agus mar Víhal Duv agus mar Váiri Rua agus mar a hiníon, .i. Peg.

Ach má ví cä agùm er a nGäluing a veh agùm er áileacht ón giàd neómat 'nar husanuig cayint er hacht dom, ví cä vah agum, lesh, er Viàrla veh agùm er an áileacht giàna díreach, ón giàd neómat giàna. Sho mar a hárla sun. Ví, mar aduart, ahir mo váhar, Crochúr O Laeri, 'na chôny er an Mulach Rua, cherhi víli ó hueg ó Hráid a Vuiling. Ví ferim vuar hailiv igè aun agus talav fónta a b'ea é, murar v'unan agus portuihi agus caruigireacha Liscaragáin. Ví fiàr dahad bó igè den talav sun, agus ví shé acfuingeach neàsbleách go mah. A n-iàmuish é veh acfuingeach fear crediûnach a b'ea é go roiv meas ig uasal agus ig íshal er. Bean anachrediûnach, imeàsc uasal agus íshal, lesh, a b'ea an vean a ví pósda íge, Nel Ní Icí, Nel Ní Tayig, iníon do Hayg ach Aindriesh a ví hiar er an Ahán, mar a duarag. Ví cúigear mac acù agus triúr iníon. Do cuireag túirt suas mah er an gluíng, shé shin fé mar

a ví cā an uer shin er éngí a vuirim túirt-suas do chur er chluíng a nEring. Do cuireag bert den chluíng iníon, chô luah agus víodar a m-uísh chuigi, shiar go Cíl Airne er sgoil, agus do cuireag bert den chluíng vac er sgoil Laingi. Do chueg duini den vert vac sun ishdeàch sa chláishdi 'na ghie sun chun veh 'na hagart. Nuer a ví rayint blianta caiti sa chláishdi igè do hig shé a n'aigini ná roiv an ghlä fálta igè ó Ghie chun veh 'na hagart, agus háini shé a vaili agus chroum er sgoil Laingi do vúini a Geaun Tuirc. Tamal sar ar ág shé an cláishdi fuer a ahir bás. Ansùn do háinig an vert iníon a vaili ó Chíl Airni. Do pósag duini acù, Nel, le fear gur v'ainim do Ruishdeárd O Laeri, a ví 'na chôny hiar er Chnuc an Erea-buil, chúig víli sir ó hueg ó Chíl Airni. Chueg an iníon eli den vert sir go Ceaun Tuirc a trial er a driháir chun veh a túirt cúnta ghò sa sgoil. A deaunta na nih' eli a múineag di a Gíl Airni do múineag rayint égin Fraingcishi ghi. Ní dócha gur múineag an Rayingcish di a dreó go duiceach fear ón Vraingc í, ach do múineag dì í chô mah agus do fiadag é. Nuer a chue shí a trial er a driháir agus ví shí a courú lesh sa sgoil is a múini Biàrla agus Fraingcishi a víoch shishi agus ishan a múini na Laingi agus na Grégishi. Ansùn nuer a ví shí cherhi bliana fihad nú mar shin do pósag í fén agus m'ahir agus háini shí go Lis Caragáin.

Hug shí lé mórán leour, leouir Viàrla agus leouir Fraingcishi. Chô luah agus vísa ábalta er ān vúini do ghlaca do husana shí er Viàrla do vúini ghom agus ansùn er an Vraingcish do vúini ghom, a dreó go míng bour go minic ó ghuíni a hagach ishdeàch, nú do vueleach umum amùh, á iaruig oram Fraingcish do louirt dóiv.

Pé says an Raingcish, ví an Biàrla go bríovar ici, ní b'eár go muar agus ní ba chruingi, agus ní ba chirti, ná ān Viàrla do múintí ins na sgoileanuiv. Ach ba chuma ghôsa cad é an says Biàrla do múintí ins na sgoileanuiv, mar ví na sgoileana ró-ada uem. An sgoil ba ghiura ghúing ví shí chúig víli vuara ueng. Ba vah an vail oramsa nárv' édir dom dul er an sgoil shin. Dá méach shí ní ba chônggary ghúing is dócha, ní nách úna, go dúrhing mo lähanta ishdìg inti; agus dá duguing níor v'édir dom gan an droh-Viàrla do ghul a veim unam. B'égean dom fanúint sa vaili, agus pé múini a hug mo váhir dom diànav lesh, go dí gur neartys. Vís trí bliana diàg sar a neis ishdeàch a n-än sgoil. Ví a roiv de leouruiv Biàrla sa vaili aguìng léti agus àhléti agùm um a daca sun. Chô luah agus ví unam gváil amàch ag éreacht na mó, víoch pé leour a b'eár a hainghach lium víoch shé agùm amùh coish cly nú tuir nú shgehi agus mi á lé. Shé rod a háinig as dom ná go roiv morán de Mhilton agus de Shakespeare agus de Rudeki (leour ná feaca ryav ó hin) de ghlan veouir agùm.

Má ví Biàrla mah igam' báhir agus túirt suas mah erhi, ví an Ghäluing ici er áileacht, lesh. Ní roiv tig a hahar ach tímpal le cearhú víli ó chuiling I Chuív. Ví Gäluing vreá dá louirt an uer shin a Guiling I Chuív agus er fued Ghúhàla go lér. Ní derim ná go vuil Gäluing vah le h-airèachduint fós a Guiling. Ach tá shí nách muar caiti uaha ig fruvór vuíntir Ghúhàla. Hugas fén tamal ayimshiri, blien is dó lium, a Núhàla, a n-aici Cheaun Tuirc, bresh agus deh mliana is dahad ó hin. Ví és óg na háiti an uer shin ag eirí suas agus gan än ocal Gäluingi acù, agus donas a shgél er fad, an says Biàrla a ví acù níor airís ryav ruimish shin ná ryav ó hin än chayint chô grána lesh! Nuer a víng ig éshdeacht leó chuiridish coitianta a guíni ghom an focal a dereach Diarmuid O Muíneacháin:—

"Na duíni is lú cial a nEring
Duíni gan Viàrla gan Ghäluing."

A Guiling I Chuív a víoch Diarmuid 'na chôny agus is dócha gur hug shé fé neara na duíni ôga a cahav na Gäluingi uaha agus a louirt an Viàrla ghrána vrishdi.

Ví ana-heans oramsa pé'r dôun é. Ví idìr Viàrla agus Gäluing agùm aishciún mo chliaváin. Mura mèach an áit 'nar rugag agus 'nar tógag mi, âfach, ní vèach an Ghäluing agùm, agus mura mèach an váhir a tugag dom ní vèach an Biàrla agùm. Agus fiàch, mura mèach idìr Ghäluing agus Biàrla do veh agùm mar atáid, ní vèach än vreh ineachor agùm er an obuir a ghiànav atá diànta agùm. Pé feous fé leh a vèach er a Miàrla agùm, ní húrhach shé än chumas dom er a nGäluing do ghlaca mar aram aigini agus do lâivsháil mar aram aigini. Is âuluig a vèach an Biàrla am' chur amú sa lâivsháil shin. Pé feous fé leh a vèach agùm er an nGäluing vèach an cur amú ciàna ici-shi á ghiànav oram a däv an Viàrla. Ach do fuaras greim fé leh er gach aram den dá aram aigini, agus ólas fé leh er conas gach aram acù do láivsháil. Ansùn, a n-inead veh a cur a chéli amù oram is âuluig a víd shiad a courú lena chéli agùm.

VI—AN GORTA

Chô luah agus víon än chial a teacht do leanav is gnáh duíni veh a cur na ceshdi chuigi cad í an ghairim beaha vèach igè nuer a vèach shé muar. Is cuín lium go mah an chesht shin a veh dá cur chúm fén go fíor-vinic. Ní cuín lium go roiv än reagara ryav agùm le túirt er an gesht ach an t-än reagara aváin, shé shin gur am' hagart a veng. Ví an med shin socuir as côir m'aigini ó hosàch agus ní cuín lium go roiv a valuirt ryav as côir m'aigini, ná ní cuín lium cahin a hosanuig m'aigini er veh á hocarú gur am' hagart a veng nuer a veng eirihi suas.

Tá's agùm go mah go míoch duíni a diànav maguig den shgiàl, mar ba lér do gahéngi ná roiv a n-än ghär don ghusdal ryachdanach igam' ahir chun túirt féna lihéd d'obuir Ví's agùm fén, lesh, chô luah agus háinig än tuishgint dom, ná roiv an gusdal igè, agus níor chuir sun mi ó é veh daingean am' aigini gur am' hagart a veng, pé cuma 'na diucach sun chun cíng. Mura mèach an duv a hacht er na práty agus an droh-häl do hacht a nieg a duiv ní derim ná go mèach shé ábalta er an méd sgolychda a vèach ryachdanach do húirt dom. Ach d'iúmpuig an droh-häl gahärod täv shys suas. Agus rod a b'iúntach, ishiad na ferimeóirí muara láidiri do hit er dúsh. An fear ná roiv igè ach an erim veog, fiàr shé nú shacht de vuev, do chimeád shé a ghreim, agus an fear go roiv an erim vuar airshag ige do bríshag é go luah nuer a háinig an t-aharú sél. An té ná roiv igè ach an biogán níor chayil shé ach an biogán. Ní roiv an cís muar ná na glaeti muara èr ruimi shin. Ví taihí igè er vaireàchduint gan umarca rabuirni. Níor ró-gheacuir dò cúba chuigi biogáinin eli agus na glaeti beoga d'reaguirt gan umarca cruatuin do chur er fén. Ach an té go roiv an erim vuar igè ví taihí er a meaha chosdasúil igè. Ví shé neàsbleách an aid a reaguir an erim. Nuer a háinig an t-aharú, do sdad tora na ferimi láirhach. Ví an chailiúint ró-vuar, agus ví an rabuirni ró-vuar agus na glaeti ró-vuar. Níor v'édir iad do reaguirt agus do sguaba-dar dá vonuiv é. Is cuín lium go mah conas mar a gh'airíng an shgiàl nó dá ínshint agus

úna á ghiànav dè: "O! ar airísh! Tá a lihéd sho brishdi! Tá a chuid tailiv anáirdi. Tá shé fén imihi. D'iàla she. Tá a chuid tailiv anáirdi."

Do hairítí go minic: "Tá a chuid tailiv anáirdi," ach ní hairítí inéachor an uer shin: "Tá a chuid tailiv tóca ig duini eli." Ní roiv ãn ún er éngi talav a hóguint. Na duíni a chaileach a guid tailiv víoch an shgiàl go holc acù. Ní víoch bie ná crediúint acù, agus ní víoch le diànav acù ach dul a d'iaruig déarca. Ní fada a vídísh a diaruig na déarca nuer a hagach bróiteacht orha agus gheidish bás. Ní víoch an taihí acù er an ocaras ná er an gruatan agus ní heasidísh avàd nuer a hagach an t-ocaras agus an cruatan orha. Go minic, nuer a víoch an t-ocaras dian orha, do chahidísh eirí agus gváil amàch agus ayig a húirt er hig côrsan égin a víoch, b'édir, chô dealav leó fén nu geaul lesh, fiàchuint a vayidísh lán bél de rod égin le n-ihi a vuinhach an vuili ocaruish díov.

Is cuín lium veh lá, agus mi ocht mliana gh'uísh is dó lium, am' heasav ig cúingi na hihalan. Chnuc bean a gváil chúm inís an cnucán. Ví shi coslomarachda. Ví shí a shúl ana-rég agus ví sãhar erhi mar vèach er ghuini a vèach a ruih. Ví a biàl er leaha a dreó go roiv rayrc agùm er na fiacaluiv agus í a shédi. Ach ishé rod a chuir an úna er fad oram ná a cosa. Ví a cosa atuihi a dreó go roiv gahãn chos acù, óna glúiniv shys, chô muar chô râur le galún. Chueg an rayrc sun chô daingean sun a n-acharan am' aigini go vuil shé as côir mo húl inìsh chô gléneach agus ví shé an lá sun, bíoch go vuil tímpal chúig bliana agus trí fihid ó hin ó chnuc é. Ví an vean sun neàsbleàch neàvâunggarach go mah go dí go dáinig an duv er na práty.

Vís lá eli, ní eadar an ruimish shúd nú 'na ghieg é ishdìg a n-ár dig fén am' heasav er lic an tínteáin. Háinig buachuil an doras ishdeàch. Chnuc an ayig a ví er agus an shgeón a ví 'na ghá húil, shgeón ocaruish. Tá an ayig shin agus an dá húil shin as côir m'aigini inìsh chô glan chô silér agus víodar an lá sun nuer hugas an t-ãn iàchuint awáin shin orha. Hug duini égin caunta aráin dò. Hug shé snap er an arán agus hug shé a ghroum ling agus a ayig er an vala agus háig shé an t-arán 'na viàl agus ghíri shé er an arán d'ihi le hairc a dreó gur ghó leat go dachtach shé é fén. Níor veasas an uer shin go roiv ãn úna ró-vuar agùm á ghianav dè fén ná den airc a ví er chun an aráin ach d'an an rayrc am'aigini agus fanhig an dá lá 's 'n aid a vairhad.

Is cuín lium tránhóna égin a gahav na hayimshiri shin agus na duíni a ruih ishdeàch 's amàch agus iad a cayint. Sa ghîri a b'ea é. Ví an íhi tar ésh titim. D'airís an focal, "Hís ig Caruigín an Easig isheà gh'airís an liú!" "Shiné irísh é!" ersa duini eli, agus do rihadar go lér amàch. Tamal 'na ghie sun hánadar ishdeàch irísh agus sheanduini bocht acù eatarha. Chuireadar 'na heasav er an úrlár é. Is er egin a ví shé ábalta er heasav. Vísa er a ayig amàch agus rayrc agùm er a cheanàchuiv. Ví a viàl er leaha agus a veóil taruici, shys agus suas, a dreó go roiv na fiacala, an méd a ví igè ghíov, nochduihi. Chnuc an dá sdariacal vuara ada vy 'na viàl agus an shgeón 'na ghá húil agus an sgâura 'na ghnúish. Chím inìsh iad chô mah agus do chnuc an uer shin iad. Côrsa do b'ea é. Is âuluig a chomáin an t-ocaras amàch é fiàchuint a viatach shé ãn rod le n-ihi gh'áil. Chueg an fear bocht amú er fued an fortuig a ví lashtís de Charuigín an Easig. Nuer a fuer shé é fén a dol amú háinig eagal er go diteach shé a boul égin agus go máfí é. Níor ghin shé ach sdad agus croma er liúireach. Biàs a b'ea é shin an uer shin ig duíni a vèach a dul amú. Ví liú áirihi chuigi agus do hig gahéngi conas an liú sun do chur suas, a dreó nuer a haireóff an liú go mèach is ig gahéngi a gh'aireóch é cad é an brí vèach lesh agus go gruingeóch na duíni fé ghén an té vèach a dul amú.

Ví sdábla beog ig ceaun an tí aguìng. Háinig duini bocht 'nar v'ainim dò Pádruig O Buachala agus do tugag veh ishdìg sa sdábla ghò fén agus dá vny agus do vert leanav a ví acù. D'anadar sa sdábla er feag rayint shachduiní. Ví bohán beog acù fén 'na ghie sun. Shíli a b'ainim don té ha hini den vert leanav. Ví buachuil ayimshiri aguìng agus Crochúr a b'ainim dò. D'airís Shíli lá a cayint lesh.

"A Chon," er shishi.

"Teacht, a Híli," ersa Con.

"Níl ăn chayint agùmsa inìsh," er shishi.

"Iriú cad eli cad tá agùt a Híli?" ersa Con.

"Tá Biàrla," er shishi.

"Iriú, cad é an Biàrla iadfása veh agút?" ersa Con.

"Biàrla Feaduir agus Cheáinin Filib," er shishi. Duini bocht a ví a mohán a n-aici na háiti a b'ea Sháinín Filib.

"Agus ar nóin is cayint Biàrla, a Híli," ersa Con.

"Cayint Biàrla!" er shishi agus úna erhi. "Ar nóin," er shishi, "dá m'ea do tuigfí é!"

Ví máhir Híli lá agus mám gairvél icì sa chorcáinín tón-leahan 'na nineach shí an císhdi do vácáil aun. Bácús a tugtar er. Ví shí a shgiúra agus a shgiumar an vácúish vig, ishdig aun, lesh an ngairivéal.

"O, a vam!" ersa Shíli, "an âuluig a chuirhir an gairivéal sa chíshdi!"

"Is âuluig, a Híli," ersan váhir.

Shúd amàch Shíli. Chnuic shí Con.

"O, a Chon," er shishi, "cad a ghiànhimíd! Cad a ghiànhimíd inéachor!"

"Cad tá inìsh ort, a Híli?" ersa Con.

"Tá," er shishi, "gairivéal glas a veh igam' báhir á chur sa chíshdi ghúing agus ní eadar an täl conas iatuimíd an císhdi gh'ihi. Bríshfar ár viacala go lér. Tá cuid des na clocha ghairivéal ana-vuar. Ní fágfar fiacal a geaun éngi aguìng. Ach is cuma do Ghiarmuidín é. Níl ăn iacal inéachor igè fós.'

Drihàir beog óg a ví ig Shíli a b'ea Diarmuidín. Shúd ishdeàch Con go viceach shé cad a ví ig máhir Híli á ghiànav. Nuer a chnuic shé cad é an gnó a ví den ghairvéal ví sbórt acù.

Háinig an gorta agus b'égean do Híli agus dá hahir agus dá máhir agus do Ghiarmuidín imeàcht shys go Machroumha agus dul ishdeàch sa phoorhouse. An túishgi 'na roudar ishdìg aun do sgarag iad go lér lena chéli. Do cuireag an t-ahir imeàsc na vear. Do cuireag an váhir imeàsc na man. Do cuireag Shíli imeàsc na gailíní meog. Agus do cuireag Diarmuidín imeàsc na leanav óg. Ví an tig go lér agus a roiv de ghuíni bochda aun múchda le gahän tays droh-vreóiteachdy. Na duíni, chô tiuv agus haguidísh ishdeàch nách muar, a titım le hiàgruas, slán mar a n-ínshdear é, agus iad a fáil vásh chô tiuv agus hagach an galar orha. Ní víoch shlí dá leah sa tig. Ní ghinidísh, an méd ná fiadach dul ishdeàch díov, ach dul agus iad fén do híni er fort na houn er an däv hís den drohad. Do chítí ansùn iad gahän vaidean tar ésh na híhi agus iad shínti 'na srahanuiv aun, cuid acù a cory agus cuid acù socuir go leór, gan ăn chor acù á chur díov. Do tagtí er baul agus do tógtí an chuid acù ná bíoch ăn chor acù á chur díov agus do curtí ishdeàch a drucuilív iad agus do bertí suas iad go háit a n-aici Charuig an Sdayri mar a roiv poul muar leahan doying er osguilt dóív, agus do curtí shys sa foul sun a deaunta chéli iad. Do dintí an rod ciàna lesh an méd a víoch marav ishdìg sa tig díov tar ésh na híhi.

Ní ró-ada, tar ésh dul ishdeàch dóiv, agus tar ésh sgarúint lena váhir dò, go dáinig an bás er Ghiarmuidin. Da cahag anáirdi er an drucuil an corp beog agus do rugag suas go dí an poul muar é agus do cahag ishdeàch aun é a deaunta na gorp eli. Ach ba chuma don leanav é. Ví a anam huas a láhir Dé, a n-uívineas, avàd sar ar cahag a chorp sa foul. Níor v'ada gur lean Shíli Diarmuidín. Chueg a corp óg sa foul ach chueg a hanam suas mar a roiv Diarmuidín, a láhir Dé, a n-uívineas na vlahas, mar a roiv sólás icì

agus côluadar nāv agus aingeal, agus côluadar na Mayidini Muiri, agus cayint a ví nís feár go muar ná "Biàrla Feaduir agus Cheáinín Filib."

Ví an t-ahir agus an váhir a fiarhy agus a ceshdiúchán chô minic agus d'iadadar é a dāv Híli agus Ghiarmuidín. Ní roiv an vert avàd tar ésh vásh nuer airíodar é. Ví an Ghāluing ig na duíni bochda go lér. Ní roiv shí ig na huachdaránuiv, nú ní roiv shí acù ach go holc. D'iadach na duíni bochda olas d'áil er a chéli go minic a ganas dos na huachdaránuiv. Chô luah agus fuer an t-ahir agus an váhir go roiv an vert leanav tar ésh vásh, háinig a lihéd shin de vuert agus d'uegineas orha ná fiatuidísh fanúint sa n-áit. Víodar deilti óna chéli, ach fuaradar cä er ocal égin do chur chun a chéli. Hocarydar er iàló as an áit. Cáit a b'ainim don vny. Do hleâunuig Pádruig amàch as an dig er dúsh. Do sdad shé huas a mara Vóhir na Sop a fanûint le Cáit. A giún tamuil do chnuic shé a teacht í ach ví shí a shúl ana-rég. Ví an vreóiteacht erhi. Chomáineadar leó suas a dreó Charuig an ɒaayiri. Hánadar chun na háiti 'na roiv an poul muar. Ví's acù go roiv an vert leanav hís sa foul sun imeàsc na giàta corp eli. Do sdadadar a n-aici an fuíl agus ghuileadar a nóhin. Huas er an Nuiri Lieh, lastuìr den Chahirín, a ví an bohán 'na roudar 'na gôny aun sar a neydar ishdeàch sa phoorhouse. D'ágadar an poul muar agus hugadar ayig shiar ó hueg er an Nuiri Lieh mar a roiv an bohán. Ví an áit shé víli hlí uaha agus ví an íhi a teacht, ach chomáineadar leó. Ví an t-ocaras orha agus ví an vreóiteacht er Cháit. B'égean dóiv shúl ana-rég. Nuer a ví cúpala míli den tlí curha ghíov acù b'égean do Cháit sdad. Ni iatach shí dul a hili. Do casag côrsin orha. Do tugag deoch agus blúiri égin bíg chúha, ach ní leocach sgáura d'éngi veh ishdìg a húirt dóiv toishc iad a veh taguihi loum díreach on "bpoor house" agus an droh-vreóiteacht a veh er an mny. Níor ghin Pádruig ach an vean do hógáilt chuigi er a vuin agus comáint lesh shiar ó hueg fé ghén an voháin.

Ví an fear bocht fén lag go mah. Vèach shé dian èr an tlí chur dè gan än ualach a veh er. Nuer a ví an t-ualach er b'égean dò sdad go minic agus an t-ualach do leoguint ueg shiar er chly an vóhir er feag tamuil. Ach pé tuirshi a ví er do lean shé a cur na shlí ghe. Níor sgar shé lesh an ualach. Do hrosh shé an bohán. Ví an bohán fuar folav ruimish, gan tini gan teas.

Amáireach a ví chúing háinig côrsa égin chun an voháin. Chue shé ishdeàch. Chnuic shé an vert ishdìg agus iad arān marav, agus ghá choish a vná ishdìg 'na vorlàch ig Pádruig, fé mar vèach shé a diaruig iad do hé. Do gheauróch an shgiàl gur voha shé lagàchar an vásh a teacht er Cháit agus a cosa fuar agus gur chuir shé a cosa ishdeàch 'na vorlàch fén chun an uachda do vuint asda

"Ba vah, agus ba ghílish, agus do b'uasal an fear é!" adiàrhig duini égin b'édir, "agus do b'uasal an gníov a ghin shé!"

Is fíor. Ach derimshi an méd sho leat. Do dineag na mílti gníov den tays chiàna sun er fued na Hérean a gahav na hayimshiri shin, agus níor ghin éngi puíng úna ghíov mar gheaul er a veous de ghníorhiv. Dar le gahéngi níor ghin Pádruig O Buachala ach an rod a ghiànhach än ear 'nar v'iú é Críosdy húirt er.

Ví an firín úd 'nar v'ainim dò Míhál O Laeri 'na chôny a mohán ná roiv avàd ón mohán 'na vuer Pádruig O Buachala agus a vean bás aun. Míhál Duv a tugtí mar leasainim er Víhál O Laeri. Caitilín Pruishéal a b'ainim dá vny. Ví lán tí de chluíng acù. Ní roiv iread agus än ocal avàin Biàrla acù fén ná ig éngi den chluíng. Háinig an gorta go dian orha. Tayg a b'ainim don vac ba hini a ví acù. Chnuic shé a ahir agus a váhir a dul a luigi lesh an ocaras, agus an té b'óigi den chluíng shínti marav, a gúingi an voháin. D'árda shé tua agus shgian lesh agus shúd amàch é, er hitim na híhi. Chue shé ishdeàch a gró behych le duini des na

côrsin, agus vairiv shé ceaun des na buev. Vuin shé cuid den chroicean den vuin. Do nocht shó an méd eôil a heasduig ueg a vreh lesh. Hug shé lesh an dá chearhûin derig. Háini shé a vaili. Ví béli vah an íhi shin acù go lér. Nuer a ví an t-ocaras buinti ghíov do riug Tayg lesh amàch an corp a ví sa chúingi agus ghin shé poul amùh sa gháirdín agus chuir shé an corp aun.

Nuer a háinig an vaidean d'eirig muíntir na bó. Do fuarag an vó marav amùh sa chró agus an dá chearhûin derig di imìhi. D'imig an fear gur lesh í go Machroumha agus hug shé lesh varántas cuarduig. Ví tuerim igè cá rugag an eóil. Háini shé fén agus pé oificeach dlí a ví lena choish igè, go bohán Víhil Ghuiv. Do fuarag 'na cnâ agus cuid den eóil. Do goug 'na frisúnach Tayg agus do rugag shys go Machroumha é agus do cuireag ishdeàch sa frísún é. Nuer a háinig an t-aum do trialag é. Do därag é gan puíng ruínish agus do cuireag an loch amàch é. Níor airís än tuerishc ryav ó hin er cad d'imig er 'na ghie sun ná er cad í an chríh a riug é.

D'imig Mīhál agus Caitilín agus an méd a ví beó den chluíng d'imíodar as an mohán agus chuadar a shúl rómpa.

Rayint lähanta tar ésh iad a veh imìhi ví côrsa égin a gváil har an mohán. Chnuic shé gayr sa gháirdin agus rod égin 'na viàl igè. Chah shé cloch lesh an ngayr. Do chah an gayr ueg an rod a ví 'na viàl igè agus do rih shé lesh fén. Háinig an chôrsa agus ba veog ná gur hit shé le sgâura agus le húhás nuer a fuer shé gur v'é rod a ví 'na viàl ig an ngayr ná lâv duini! Níor ghin Tayg an poul doying a ghóhin sar ar chuir shé an corp úd shys aun.

D'ayimshig an chôrsa bosga nú rod égin dá hórd agus hóg shé an chuid eli den chorp inís as an boul agus do riug shé lesh go dí an ruilig ba ghiura ghò an bosga, agus chuir shé aun é. Níor v'än úna an uer shin éngi aváin a gh'ishgint a dul chun ruiligi agus côra a drucuil igé, nú er a vuin dá ma ná bèach an trucuil ná an capal igè.

Shin mar a ví an shgiàl an uer shin, go grána agus go fuafar agus go déshdineach, muar hímpal na háiti 'nar tógag mishi. Tuigim go roiv an shgiàl er an guma giàna dìreach muarhímpal na Hérean go lér. Agus, donas an shgél er fad, ní le toil Dé, a geart, a ví an shgiàl er an guma sun. Le toil duíni isheà ví an shgiàl âuluig. Do sguíleag amàch à Héring an vlien shin iread arúir, ní hea ach a ghá iread, agus chohóch a roiv de ghuíni beó a Néring. Ví cuanta na Hérean lán de luingeas, agus na luingeas lán d'arúr na Hérean, ig imeàcht as na cuantuiv, agus na duíni er fued na Hérean a fáil vásh lesh an ocaras.

"Canahäv nar cimeádag an t-arúr?" a diàrhig duini, b'édir.

Níor cimeádag é mar níor v'láir é ghíol chun an chísa ghiànav, é fén agus an t-ím agus an eóil agus an ili vlúiri eli de hora an tailiv, ach aváin an práta. Do riug an duv an práta lesh agus ansùn níor an än vlúiri bíg le n-ihi ig na duíni.

"Canahäv," a diàrhig duini b'édir, "nár dineag dlí chun na nuíni do chosint er an iàgóir shin a chuir iàchuint orha an t-arúr do ghíol agus gan än rod le n-ihi do chimeád dóiv fén?"

Mo hrua do cheaun gan chial! "Dlí chun na nuíni do chosint," ersa tusa. Iriú dá dráchtfá an uer shin le hueshliv Hasana er ghlí chun na nuíni do chosint diàrhidísh gur er buili vefá. Ní chun na nuíni chosint a ghineach muíntir Hasana dlihi an uer shin inéachor. Chun na nuíni do vrúh shys agus do chreacha agus do chur chun básh le gorta agus le gahän tays iàgòra isheà ghineach muintir Hasana dlihi an uer shin. Is ait an shgiàl é, ach ví sórd sheanocuil ig muíntir Hasana an uer shin. Shidé an sheanocal:

"Iàgóir er an máishdir isheà ceart do húirt don tineónty."

VII—SGOIL CHARUIG AN IMI.

Nuer a vís tímpal trí bliana diàg d'uísh do cuireag suas ti sgoili a Garuig an Imi hir. Go dí sun is ishdìg sa vaili a víoch an sgoil agùm fén agus ig an guid eli de chlúing m'ahar agus mo vâhar· Vimísh ag obuir fan lä er an verim veog, an méd aguìng a ví ábalta er än rod a vuirim ebiri do ghiànav. Nuer a hagach an íhi do lasach mo váhir cuingeal er a mórd agus chuireach shí a n-ár sy tímpal an vúird shing agus hugach shí na leouir dúing agus vúineach shí ár geachdana ghúing. Ví an múini hugach shí ghúing ní b'eár go muar ná an múini a tugtí dos na leanuív a víoch ins na sgoileanuiv. Mar shìn fén do ceaptí, ní nár v'iúna, gur chóir gur v'eár an múini a tugtí ins na sgoileanuiv.

Do hosgalag sgoil Charuig an Imi. Do cuireag múinteóir ishdeàch aun dar v'ainım Coramac O Luasa. Do cuireag mishi er sgoil aun. Is cuín lium go mah an chiàd lá chuas ishdeàch aun. Ní edir Coramac cad é an raungg den sgoil 'na guirhach shé mi. Ví cuid den ólas ró-vah agùm agus ví tuili ghè ná roiv inéachor agùm· Vís ábalta er na leouir a ví acù do lé er áileacht, ní b'eár go muar ná na buachuilí do b'eár a ví ige. Ansùn ví rody eli nár airís ryav än teacht hórsa Ishé rod a ghineach shé ná tamal hys agus tamal huas a húirt dom. Chuireach shé tamal a múini mi agus tamal a fouluim. Ví túirt suas mah er fén, agus an ceaun go mah ige. Ach ví shé ana-heasy.

Sa sgoil shin a chnuc, an chiàd uer ryav, rod a chuir úna mo chry oram, duíni óga a fouluim focal, agus á lé, agus á louirt, agus á ínshint cad é an brí a víoch leó, agus gan ān fiuc dá is acù cad é an brí a víoch lesh na focaluiv ná lesh an mrí! Ní bäl go míoch rod den tórd sun sa vaili aguìng. Ní bäl go vágtí än ocal gan a vrí húirt dúing a dreó go duicimísh idìr ocal agus brí·

Is cuín lium conas mar a víng, uereanta, nuer a vímísh a sgrúdú na geacht agus shing a n-ár sy ig desganuiv na sgoili. Víng am' hy agus na buachuilí eli, cuid acù ní ba vô agus ní ba hini go muar ná mi, bailihi am' hímpal a dreó go míng múchda acù agus mi a freaguirt ceshdeana ghóiv, á ínshint dóiv cad é an brí a víoch lesh na focaluiv a víoch sa cheacht. Una orhasun cá vuarasa an t-eólas go lér agus úna oramsa conas iatach éngi veh gan an t-eólas sun. Do chíoch Coramac shing ach ní leogach shé èr go viceach. Víoch is igè go míoch tairifi dá ghiànav agus víoch shé sásda.

Níor v'än úna inéachor an shgiàl a veh mar shin idìr mishi agus na buachuilí eli úd. Níor tugag dóivshin ryav an chä a tugag dôsa er an ólas a veh agùm er na focaluiv Biàrla úd. Ní airídísh chuíhi än ocal sa vaili ach Gäluing, nú Biàrla brishdi. An Biàrla a ví ins na leouruiv a ví acù ba var a chéli ghóiv é nú Grégish.

Ví an Ghäluing go breá aguìng go lér. Ví shí go háluing ig Coramac fén. Ví an clós a ví er ayig tí na sgoili amàch ví shé lán de charuigireachuiv muara cloch. Chnuc bert ear aun lá agus iad a brishi na gloch chun iad a vreh as an áit. Ví Coramac a cayint lesh na fearuiv. As Gäluing a víodar a cayint. Ví än chloch aváin aun agus ví tepihi er na fearuiv í vrishi, ví shí chô crueg shin· Ví shí trí nú a ceahir de hroihiv er ruíri er gahän tlí agus í, ba ghô leat, chô côchruíng le liarhóid coishi. Ví na fir ag iniúcha erhi fiàchuint a viatuidísh än áit áil 'na sgoilhach buili mah láidir den órd í ach í vuala aun· Ví a tep orha. Do rıug Coramac er an órd. Fear óg láidir crueg fuingiûil a b'ea é an uer shin.

"Dridig amàch uehi!" er shishan. Vum shé casa as an órd agus vuel shé a vuili chô mah agus ví 'na chuishleanuiv agus 'na chorp é vuala. Vís a fiàchuint er. Ba ghó leat

gur vô go muar an fuingeav a ví lesh an órd ig eirí den chloih ná mar a ví lesh a teacht anuas erhi. Is dó lium gur chrih an t-aymad a lâiv Choramuic a dreó gur chuir shé cola-grifín sa lâiv. Chah shé ueg an t-órd agus chuir shé an lâv 'na fóca.

"Is iàdroma cleti ná é, a Choramuic!" ersa duini des na fearuiv.

Ví an shépéal a n-aici na sgoili a Garuig an Imi agus hémísh go lér ó hi na sgoili ish-deàch sa tépéal nuer a víoch an Teasgasc Críosdy le fouluim aguìng. Ní víoch än ocal Biàrla dá louirt sa tépéal ach fíorviugán. Víoch ghá iread a fouluim Teaguishc Críosdy sa tépéal agus víoch a fouluim léng sa sgoil, agus ni bäl ná go duigtí an ili ocal den vúini a tugtí sa tépéal.

Is cuín lium lá agus shing go lér a deaunta chéli ishdìg sa tépéal. Ví sagart aun agus é a múini an Teaguishc Críosdy, agus ba ró-vah chuigi é. Ví an Ghäluing igè go ceólvar. Héng fén agus buachuilí eli go minic treasna na gnuc coslomarachda er maidin Dé Dôunuig chun an tépél 'na míoch shé chun aifiring do reá aun, a dreó go viatuimísh éshdeacht lesh an sheanamóin Ghäluingi hugach shé ueg, víoch an teanamóin chô breá sun. Ví shé sa tépéal an lá aderim agus ví, an chuid ba lú ghè, suas le cúpla ciàd duini a fouluim aun. Tráh égin a gahav na hayimshiri do vuel chúing an doras ishdeàch garsúinín ana-veog agus shál fílti fé n'asguil igè. Chiúla shé chúing inís go hana-rég agus an dá húil er an sagart igè Cheap an sagart go m'édir go roiv sgáh er, nú agala. Do louir shé go raeg agus go cneasda lesh

"Shea, a gharsúin," ersan sagart, "cad tá uet?"

"Tá duini des na cailíní beoga sun, a Ahir," ersan garsúinín, agus ní roiv sgáh ná agala 'na chayint ná 'na ghlór. Do louir shé chô dána agus dá mèach shé chô muar chô láidir lesh an sagart fén. Do fliàsgamuir go lér er ghāirí. Do chuir an sagart fén shgearta gáiri as. Níor chuir sun än choravuesh er a ngar-sún.

"Agus cad a b'áil leat den shál sun?" ersan sagart.

"Chun é chasa erhi, a Ahir," ersan garsún. Ansùn isheà ví an sbórt aguìng agus shing go lér ins na trihív gáirí. Lena líng shin do lém duini des na cailínív amàch ón guid eli agus do rih shí chun an gharsúin agus do hnap shí ueg an shál agus chah shí iniar erhi é agus shúd amàch í. D'iàch shé 'na dieg.

"Imig sir go Meaul na Hórnan, a Feg," er shishan, "agus abuir leó go memíd a diànav imi Dé Luen agus go meg na sbeala-dóirí aguing Dé Máirt."

Nuer a ví an med shin ráiti igè do vuel shé chúing suas agus heasiv shé a n-ár measc.

Níor sgar cuíni an gharsúin shin ryav ó hin lium' aigini. Avàd 'na ghie sun, nuer a hagach an leanav agus an chayint suas chúm a m'aigini agus víng a brenhú er an shgiàl, víng a cur an liniv shin, mar a ví shé an uer shin, a gúmparáid lesh an guma 'na roiv shé tamal 'na ghie sun má chue shé er sgoil Ghaula agus má ouluim shé an says Biàrla a ví ins na sgoileanuiv shin. Ví shé an uer shin go neàsgáfar agus go sheasavach a n'aigini, go súil-aibig agus go holav chun freagara húirt nuer a cuirfí cesht chuigi. D'iàch shé suas idìr an dá húil er an sagart nuer a ví shé a cayint lesh. Ví shé dána gan veh drohvúinti.

Ní eaca ryav ó hin é. Ach do chnuc duíni ghá hórd go minic ó hin. Agus tá's agùm go dian vah, má hug shé rayint ayimshiri a n-än sgoil Ghaula, agus má ouluim shé an says Biàrla a víoch unta, nár v'ada gur imig an teasavacht as a húiliv agus as a chry, agus má ví èr teacht ishdeàch a shépéal agus shál fé n'asguil igè agus gur chuir sagart égin na ceshdeana úd chuigi, gur b'âuluig a ví shé a smidireacht gháirí a n-inead freagara húirt, agus gur a lútáil a ví shé a n-inead sheasav díreach. A n-inead veh dána gan veh drohvúinti gur b'âuluig a ví shé droh-vúinti gan veh dána.

Ví bert nú triúr ban sa fróishdi agus cúpla

gearachaili le gach mny acù a fouluim Teaguishc Críosdy sa tépéal. Ní ghiànhach Gäluing an gnó inéachor dos no mnáiv shin. Níor vláir an Teagasc Críosdy vúini as Biàrla dá gluíng. Ví ceaharar nú cúigear, as an dá chiàd, agus iad a casa le Teagasc Críosdy d'ouluim as Biàrla. Do curtí mishi á múini. Vís ana-veog agus iad-sun ana-vuar. Is cuín lium go mah an obuir a víoch agùm orha a diaruig brí na vocal do chur ishdeàch 'na geaun agus é a tep oram glan. Er dúsh ní iaduidísh an focal do reá. Nuer a dering leó "Resurrection" ní deridísh ach "Rerusection" nú rod égin mar shin. Ansùn nuer a huguing an brí ghóiv, do higing na téach an brí ishdeàch inéachor 'na n-aigini. Fé gheri, nuer, a huguing an brí ghóiv fé leh, gan bac lesh an vocal, do ghlacuidísh é, ach ní iadach mo ghíhal an focal agus an brí húirt a n-éneacht dóiv. Vèach "Resurrection" acù, agus vèach, "to rise again from the dead," acù, ach ní iaduidísh chuíhi a hishgint gur v'éngí aváin an dá ní shin. Ansùn, nuer a dering ná roiv sa dá ní ach an t-éngí aváin, shé shin, "Aisheirí ár Slánahóra" do lasach a súili agus do gháiridísh.

Rayint blianta 'na ghie sun ví an shgiàl ní ba hacht measa ná sun fén. Ví fruvór na nuíni óga a fouluim an Teaguishc Críosdy as Biàrla agus gan än ocal Gäluingi acù. Ansùn ní roiv "Resurrection," acù, ná "rising from the dead" ná "aisheirí ár Slánahóra!"

Ní dó lium gur dineag iàgóir aigini ryav er ghuíniv óga, a n-än fáirt den dôun, chô muar agus a dineag er és óg na Hérean nuer a cuireag orha an says múini shin a gh'ág sa deri iad gan Viàrla gan Ghäluing. Nuer a vísa er sgoil a Garuig an Imi, suas le trí fihid blian ó hin, isheà ví an iàgóir shin a tosanú. Mura mèach idìr Viàrla agus Gäluing a veh ró-ghaingean ishdìg unamsa vèach an shgiàl go holc agùm.

Dá ma ná bèach agùm ach an Ghäluing inish ní túrfí än tora oram pé olc mah a vèach shí agùm. Agus dá ma ná bèach agùm ach an Biàrla ní iatuing än úsáid a ghiànav dè chun na Gäluingi do härhú pé olc mah a vèach shé agùm.

VIII—TRÍ LIARHÓIDÍ DÚ

Tá faid mah sa tlí ó Lis Caragáin go Caruig an Imi, agus shlí gharav anacuir isheà an tlí. Nuer a víoch an ayimshir fliuch fuar do chahing fanúint sa vaili. Víoch an ayimshir fliuch fuar minic go leór. Do hig m'ahir, beanàcht Dé le n'anam, go roiv a lán den ayimshir ag imeàcht gan tairifi uem. Ví sgoil a Machroumha an uer shin agus ví árdcháil erhi fén agus er an máishdir a ví erhi. Is dó lium go m'édir go roiv Coramac O Luasa a cayint lium' ahir agus go nuert shé lesh gur muar an trua gan mo heans a húirt dom a sgoil Machroumha.

Tímpal na hayimshiri ciàna sun d'eirig claumpar dlí irísh idìr hineóntuihi an vaili agus an máishdir. D'an duini des na tineóntuihi gan a chís do ghíol nuer a vì an cís a gläch. An t-agent a ví as a giún Broderick a b'ainim dò. Cloyiri róguiri a b'ea é. Do leog shé don ear a ví a fanûint shiar ón gís a ghíol fanûint shiar go dí go roiv cuid vah gan díol igè. Do ghin shé an méd shin a dreó go viatach shé teacht orha go lér lesh an éleav. Ví súil igè go niúltóidísh don éleav. Ví's igè go roiv cuid acù agus gur v'er égin a víodar ábalta er a guid fén den chís do chur le chéli agus gan bac don éleav eli. Dá niúltuídísh vèach an lés brishdi agus d'iatach shé iad go lér do chahav amàch agus árdú císa gh'áil don váishdir agus breab mah

a gh'áil dò fén as gach ferim veog dá dúrhach shé do hineónty nó.

Do chuir na tineóntuihi le chéli agus do chosanadar an dlí. Chuireadar le chéli ach ba gheocuir leó cur le chéli. Haguidísh chun ár dí-na a diànav côirli, mar b'é an tig ba chônggary ghóiv go lér é. Is cuín lium go mah lá agus iad bailihi ishdìg sa tig aguìng. Hugadar an lá go lér a cayint agus do hep orha socarú er cad ba cheart dóiv a ghiànav.

"Tá shé a n'íhi," ersa duini acù, "tá shé chô mah aguìng dol a vaili inìsh agus teacht ansò irísh Dé Ciàduín sho chúing. Tá ayimshir ár nóhin fós aguìng chun louirt le n-ár n-àtúrnä." Ví Shán O Laeri, mac do heana-Ghiarmuid O Laeri, ag éshdeacht lesh an gayint shin. Do louir shé. (Ní roiv än ocal Biàrla dá louirt sa chôirli shin.)

"Shea!" ersa Shán O Laeri. "Tá an lá go lér caiti ansùn aguìv a cayint agus níl än rod diànta aguìv. Níl socuir aguìv er cad tá le diànav aguìv ach chô beog agus ví nuer a hánúir ansò er maidin. Imeó shiv a vaili inìsh. Tiuca shiv ansò irísh Dé Ciàduín sho chúing. Tiucuig Shán O Luasa ansò agus gur cuma nú watch gahän túil lesh. Tiucuig Míhál O Laeri ansò agus gur fiú chúig fúint gahän ocal ueg. Tiucuig Barnaby ansò agus gur cuma é nú Socrates. Tiuca shiv go lér ansò agus cimeátuig gahéngi aguìv a aigini veog igè fén agus ní ghiànha shiv än tocarú an lá sun ach chô beog agus tá diànta iniùv aguìv. Shleâunóig an ayimshir uev go dí go me shé ró-ghiànach chun lourha le hän àtúrnä. Ansùn beg Broderick agus Saunders anuas sa vroiceal oruiv go lér agus neart dóiv a rou cor a húirt dív."

Víodar go lér a cur an anama amàch a gáirí nuer a ví deri ráiti igè. Do hocarydar er ghol láirhach agus louirt lesh an àtúrnä agus an dlí chur a veim chun iad fén do chosint. Do vuadar er an máishdir sa dlí. Do díolag cís an ir a ví a nie lâ agus do tugag dóiv an erim a ví igè go dí go mèach a guid fén harnaish acù aishdi.

Nuer a ví an méd shin claumpuir a leatuív do hocaruig m'ahir er mi chur er sgoil shys go Machroumha, er feag tamuil er än chuma. Ba rógheocuir dò é ghiànav. Vís díreach a tosanú er veh ábalta er rayint ebiri ghiànav, agus ví gá lesh a gûnav ige dá huary é. Ach ví an dúil so léan igè fén ryav agus heasduig ueg rayint égin dè a húirt dá vac, pé cuma 'na diucach shé er.

Vís a Machroumha go minic ruimish shin. Is cuín lium go rous aun tamal mah ruimish shin agus go rous am' heasav ig ceaun an drohid, ig bun Vóhar na Sop. Vís fiàchuint anún er an guishleán atá haul ig an geaun eli den drohad. Chnuc, er ayig an chuishleáin amàch, er an däv hir den tráid veog er a dugtar Sráid an Chuishleán, tig égin muar agus faly árda daingeana 'na hímpal agus trí slata cäla árda 'na sheasav anáirdi as, agus mar vèach liarhóidí beoga anáirdi orha. Avàd 'na ghie sun isheà do hínshag dom gur sbary iaruing gur v'ea na slata sun agus gur trí pluíshgeana gur v'ea na trí liarhóidí beoga. B'iniad trí cíng na vear a crochag mar gheaul er Vleachluing O Ghúgáin. Cárhig a b'ea iad, agus triúr drihár a b'ea iad, Coramac agus Cealachán agus Tayg. Do chuir Malachi iàchuint er Choramac Bob Hutchison do lâch. Ansùn do ghearava shé er Choramac. Ansùn ví agal er go niànhach duini égin den vert drihár díoltas er fén mar gheaul er an nearavú agus ishé rod a ghin shé ná dearavú er an driúr a n-éneacht. Do crochag an triúr a n-éneacht agus do cuireag a drí cíng ansúd anáirdi er na sbary cäla árda úd agus do fágag aun iad er feag mórán blianta. Do chnucsa aun iad agus mi am' heasav ig ceaun an drohid an lá úd. Níor ró-ada 'na ghie sun gur tógag anuas na trí pluíshgeana. Ví náiri er na hueshliv iad águint aun ní ba hie.

Do lean an gníov sun, agus gníorha eli do ghin shé 'na ghie sun, dá gasa mar asachán le Malachí agus le gahéngi dá ghältuiv ryav ó hin. Níor vah le héngi än vuint a veh igè leó, ví a lihéd shin de ghráin ig an boibilíocht go lér orha. Ba vuar an iàgóir

é shin, âfach, mar duíni galánta macánta a b'ea a vruvór, chô galánta chô macánta le hän treouchas eli duíni a ví sa dúhig.

Ví Diarmuid O Tuahig, ahir Váiri Ní Huahig, ahir mo heana-váharsa, 'na chôny er Gleaun Daiv. Ví sruhán idìr an áit 'na roiv shé 'na chóny agus ferim eli atá lashtiar den erim shin. Ví an erim hiar le cur. Cé hucach agus hócach an erim hiar ach fear nar v'ainim dò Dônal O Dúgáin, gäl geairid do Valací. Ví Diarmuid O Tuahig er buili, a reá go mèach éngi den droh-aicmi shin chô cônggarach dò. Ní fada ví Dônal O Dúgáin lashtiar den truhán 'na chôny nuer a vuel shé fén agus Diarmuid O Tuahig im á chéli maidin vreá hâuruig.

"Die's Muiri ghoit, a Ghiarmuid I Huahig!" ersa Dônal.

Hug Diarmuid a chúl lesh agus vuel shé hairish gan louirt. Do ghluesh an ayimshir. Níor v'ada go dug Diarmuid fé neara gur chôrsa ana-vah, ana-hychánta, ana-chneasda, Dônal pé gäl a ví le Malací igè. Blien díreach ôn lá a veanuig Dónal do Ghiarmuid do vuel an vert im á chéli irísh.

"Die's Muiri ghoit, a Ghônuil I Ghúgáin!" ersa Diarmuid.

Hug Dônal a chúl lesh agus vuel shé hairish, díreach mar a ghin Diarmuid an chiàd lá úd.

Blien eli díreach ón lá sun do vuel an vert im á chéli an tríú huer.

"O, Die's Muiri 's Pádruig doit, a Ghiarmuid I Huahig!" ersa Dônal, díreach mar a diàrhach shé dá ma an neómat sun a vèach Diarmuid tar ésh beanú ghò. Má hug Diarmuid blien gan louirt hug Dônal blien gan freaguirt. Do gháir an vert go sultvar agus víodar ana-vuíntearha lena chéli as sun amàch.

Háinig an t-aum chuigi, agus an chä er, agus do cuireag shys go Machroumha mi, go dí an sgoil a ví ig fear dar v'ainim Míhál de Vál. Ví an sgoil chô mah sun go dagach sgláirhí chúhi ón núhig go lér muarhímpal. Is cuín lium go mah go roiv an measgán meary ciàna er an máishdir shin a ví er Choramac O Luasa a Garuig an Imi, a däv cad é an raungg sa sgoil 'nar cheart mi chur. Ví cuid den ólas ró-vah agùm d'än raungg íshal agus gan cuid dè mah a ghóhin agùm do raungg uachdarach. Ach do socaryg an shgiàl. Is cuín lium, lesh, nuer a vímísh a sgrúdú na geacht ins na leouruiv léng go míoch gasara des na buachuilív am' hímpal, a brúh ishdeàch oram er gahän täv, agus a leour ig gach duini acù agus mi ag ínshint dóiv conas na focuil do reá agus cad é an brí a víoch leó. Níor chóir, âfach, än chrediûint a húirt dôsa mar gheaul er shin. An t-eólas a tugag dôsa sa vaili er leouruiv agus er léan an Viàrla níor tugag dóiv-shin ryav é.

A Móhar na Sop, a dig fir 'nar v'ainim dò Shán O Shé, isheà víng er lóishdín. Ví aihini igè fén agus igam ahir er a chéli. Fear fial deàchrych a b'ea é. Níor hóg shé än leafingi díolychda ryav as mo lóishdín, agus vís aun tamal mah, cúpla blien nú trí. Héng suas a vaili go Lis Caragáin gahän Taharan. Tá mac don Shán O Shé ciàna sun sa tráid chiàna sun 'na chôny inìsh agus Shán O Shé is ainim dò agus tá shé chô bunúsach chô crediúnach d'ear agus atá le fáil so varúntacht.

Tar ésh rayint ayimshiri veh caiti agùm sa sgoil shin Vihíl de Vál a Machroumha, ní cuín lium inìsh a geart cad é véd ayimshiri, do louir Míhál de Vál lium' ahir. Vueleadar suas Bóhar na Sop le coish a chéli agus iad a cayint.

"Is muar go lér an trua," ersa Míhál, "gan cä húirt don gharsún sun er na teaunghachuiv d'ouluim. Níl a hili agùmsa le múini ghò, shé shin a hili go mèach än tairifi ghò aun. Agus an méd atá múinti agùm dò," er shishan, "cad é an tairifi ghò inìsh é más huas sa vaili cheapan tú é chimeád?"

D'inish m'ahir dò go n-airíoch shé mishi á reá a gôny ryav gur v'eár lium ná a veaca ryav gur am' hagart a veng.

"Ach cad é an vah veh a trácht er shin," er shishan, "agus gan än vreh agùmsa er chailiûint lesh chun saguirt a ghiànav dè!"

"Ní vèach an chailiûint chô muar inéachor agus is dó leat é," ersan fear eli. "Tá sgoil Laingi ansò a Machroumha inìsh. D'iadfá a chur er an sgoil shin inìsh agus ní vèach agùt le díol as ach púnt sa ráha. A giún cúpla blien nú trí, ón aihini atá curha agùmsa er, do raying a n-urús doit er, go mèach iread Laingi agus Grégishi foulamha igè agus viàrhach ishdeàch a Gláishdi Vy Nuat é. Ansùn ní vèach ort än leafingi eli do chailiûint lesh, agus a giún shé nú shacht de vlianuiv, dá m'é toil Dé go sheasóch a hláinti, vèach shé a teacht chút a vaili 'na hagart. Tá an chúiléh aun chun na foulama agus an érim. Má chimeádan tú sa vaili é ní veg puíng dá vár agùt. Ní ása shé ró-vuar chuíhi. Ní veg an tiàgar ná an neart aun ba ghá chun sglávychda ghiànav er an verim, agus dá mèach fén tá do ghóhin cúnta agùt sa chuid eli den chluíng."

B'é críh an shgél é gur hocaruig m'ahir er mi chur a fouluim na Laingi

IX—SGOIL MACHROUMHA AGUS CLÁISHDI CHOLAMÁIN

Ví sgoil Laingi er an däv haul den drohad, a Machroumha, an uer shin, díreach ig bun an chuishleáin, ig firín beog dar v'ainim Mac Nally. Do rayfá har drohad anún a dreó an chuishleáin, agus nuer a vefá ig an geaun haul den drohad, díreach ig ceaun slaiti an drohid, d'iúmpófá ishdeàch a leh do lâ deshi agus do rayfá shys cúpla cishcém sdayiri nú trí. Ansùn do chífá doras er t'ayig amàch. Do vuelfá an doras. Do hosgalófí ghoit. Do rayfá ishdeàch sa hala. Do hosgalófí doras eli ghoit er do lâiv ghesh. Do rayfâ ishdeàch a shómra. Chífá ansùn ishdìg rót sheshar nú muarheshar garsún 'na sy ig bórd agus an máishdir ig ceaun an vúird, iadsun a fouluim agus an máishdir á múini. Chífá fingeóg er ayig an doruish ishdeàch. D'iàchfá an ingeóg sun amàch agus chífá, buelti suas le bun na fingeóigi, an ou, an Solán, a gváil har an vingeóig sir, agus ishdeàch fé húiliv an drohid, go breá ciúin leahan raeg.

Ishdìg sa teómra sun, agus mo ghuala chlé lesh an vingeóig shin, isheà do leogasa mo húili an chiàd uer ryav, er na trí focaluiv beoga milteacha úd, "Hic, haec, hoc." Níl ansùn agùt ach trí cíng acù, ach tá deh gíng ihid acù er fad a níchlāna an ān ocuilin shin aváin. Háinig tahí vah agùm orha 'na ghie sun, ach an chiàd uer ryav a chuireas chun iad d'ouluim, ansúd er ayig na fingeóigi úd ishdeàch do vrishadar mo chry unam. Dá n-ínshtí ghom er dúsh cad é an brí a ví leó do gheóch m'aigini greim égin orha, ach níor hínshag. Do b'ait an says múini é. Na focuil dá ngváil er dúsh do ghlan veouir sar a dugtí ān chā don vrehúntas er iad do lâivsháil inéachor! Agus gur chóir go mèach is ig éngi go mèach ān chial igè gur b'usa go muar rod a ghlaca do ghlan veouir nuer a tuigtear é ná sara duigtear é. Ach go dein le fíringi is mó go muar an ouluim gan tuishgint a dintí sa teómra veog úd ná an ouluim le tuishgint.

Ach ní rous ró-ada sa teómra nuer a vís a gváil do "Chaesar." Is cuín lium go rous lá égin gan dol er sgoil. Ní cuín lium inìsh an chúsh a chimeád gan dol aun mi. Vís ishdìg a dig Cheáin I Hé um hránhóna agus mi a gváil do "Chaesar" er mo ghíhal. Hánag go dí an focal, "propterea quod." Ví's agùm gur v'unan "propterea," agus

"because." "Agus," ersa mishi lium fén, "cad chuigi an 'quod'"? Vís a búngc. Ní iatuing inéachor a ghiànav amàch cad é an gnó a ví ig an "quod" sa n-áit shin. Cé vuelhach chúm ishdeàch ach an máishdir. Háini shé fiàchuint cad a chimeád ón sgoil mi an lá sun. D'ínshas dò. Ví shé sásda. Duert shé go roiv agal er gur breóiti a vís. Shúd chun an leouir mi.

"Look here, sir," ersa mishi. "What is the meaning of this 'propterea quod?'"

"Oh," er shishan, "'propterea quod' is 'because.'"

"But," ersa mishi, "what is 'quod?'"

"Oh," er shishan, "that is quite simple. 'Quod' is 'because.' 'Propterea quod' is 'because'"; agus d'iàch shé oram chô mah lena reá. "You must be very stupid not to see that simple matter." Níor chuas ní ba hie er an shgiàl lesh, ní nár v'iúna. Ví 'propterea' 'because' agum. Agus ví 'quod' 'because' agum. Agus ví 'propterea quod' 'because' agùm. Agus mura sásóch sun mi, cad a hásóch mi!

Chuir an máishdir shin a guíni ghom shgiàl d'airís avàd ruimish shin ó Cheán O Laeri, ón vear úd a duert le Shán O Luasa gur chuma nú watch gahän túil lesh.

Fadó, nuer a háinig na Fraungcuig ishdeàch a guan Veauntry, ví bert érí bó a n-áit égin lastuìr de Veauntry. Diarmuid a b'ainim do ghuini acù agus Dônal a b'ainim don ear eli. Ví an dá erim er a roudar ag éreacht teóranach dá chéli. Do vueleach an vert im á chéli go minic er ghá häv chly na teóran agus vídísh a sheanachycht. Ní túishgi a ví na Fraungcuig ishdìg a guan Veauntry ná mar a leah an shgiàl go tiuv er fued na duha sun muarhímpal. Do vuel an vert erí im á chéli.

"Die's Muiri ghoit, a Ghiarmuid."

"Die's Muiri 's Pádruig doit, a Ghônuil."

"An vuil än shgiàl nó agùt, a Ghiarmuid?"

"Ambriahar go vuil, a Ghônuil, agus nách ān shgiàl fónta é ach tou droh-shgél."

"Ach! Die ling! a Ghiarmuid. Agus cad é an says shgél é?"

"Tá go vuil 'invasion' ana-vuar go lér a teacht."

"Agus cé inish doit, a Ghiarmuid, go roiv shé a teacht?"

"Tá shé a miàl gahéngi."

"Ach! go vóiri Die oruing! Cad a ghiànhid na duíni inéachor?"

"Ní 'eadar an täl cad a ghiànhid shiad. Beg an shgiàl go holc acù is bälach."

"Agus cogar, a Ghiarmuid. Cahin atá shé a teacht?"

"Ambàsa ach tá shé buelti leat, a viceó."

"'Invasion' muar! Die ling is Muiri!"

"'Invasion' muar go díreach, an t-'invasion' is mó dár háinig er Ering ryav fós."

"Agus cogar, a Ghiarmuid. Mar is ól doit, ní duini ró-hishgeanach mishi a nihiv den tórd sun. Cad é an says roda, a duigean tú mi, an t-'invasion' muar so?"

"Tá, a Ghônuil, a duigean tú mi, invasion, shé shin le rá 'invasion.' Níl ach mar a diàrhach duini 'invasion,' ansùn, tá's agùt."

"O, tá's agùm, a Ghiarmuid."

Do chuireach Shán O Laeri shgearta gáiri as nuer a víoch an shgiàl sun ínshdi igè, agus go dein do chuireach gahéngi a víoch ig éshdeacht lesh shgearta gáiri as. Do vínig an máishdir úd "propterea quod" dôsa er an guma giàna díreach:—

"Níl ach mar a diàrfá 'because' ansùn, tá's agùt."

"Tá's agùm," ersa mishi, agus d'ágas ansùn an shgiàl.

Ví ana-ghúil ig an máishdir a ngal tobac. An aid a vímíshna a casa le "hic, haec, hoc," d'ouluim víoch an máishdir bocht ag ól a fíopa. Ví an fear bocht go mah chuigi. Víoch shé a tarac an fíopa agus an deatàch a gluashacht er fued an teómara go dí gur v'er égin iaduimísh a chéli gh'ishgint, ní áirím leour do lé!

Fé gheri d'imi shé as an sráid er fad agus d'ág shé ansùn shing.

Ví sgoil eli Laingi a Machroumha an uer chiàna. Huas a Móhar Massy a ví an sgoil shin agus fear dar v'ainim Trälach O Goilí a ví á múini. Nuer a ví Mac Nally imìhi chuamuir go lér suas a trial er O Goilí. Is dó lium gur hugas leahvlien er an sgoil shin.

An uer shin díreach isheà do hosgalag Cláishdi Cholamáin a Mainishdir Earmy. Níor v'édir dôsa ná dá lán dem' hórd dol ishdeàch sa chláishdi shin mar do chahing deh búint fihid sa mlien do ghíol asam fén aun.

Nuer a hosgalag Cláishdi Cholamáin ví cuid des na sagartuiv er fued na dúha a gearán go crueg er an iàgóir a ghiànhach an Cláishdi shin er na buachuilív go roiv érim aigini acù agus ná roiv an gusdal airigid ig á n-aihireachuiv. Mar gheaul er an ngearán, do ghin an t-easbog, an Tahir Liam O Caháin socarú. Do hocara she, än vuachuil go mèach an érim aigini har bár igè, go gafí é ghlaca sär ishdeàch a gláishdi Cholamáin. Do hásiv an méd shin a lán des na sagartuiv. Ví cuid acù ná roiv sásda. Duaradar 'na n-aigini ná fiatach an socarú sun puíng tairifi ghiànav. Ná roiv än airigead chun an chláishdi do chimeád suas ach an t-airigead a ghíolhach na buachuilí asda fén aun. Dá vrí shin nár v'édir ach fíorviugán díov a ghlaca ishdeàch sär, pé érim aigini vèach acù. Duert a lán des na sagartuiv gur v'eár leoguint do gahän vuachuil a chuid léng do hláhar 'na reou sgoil agus ansùn an t-inead a Gláishdi Vy Nuat a húirt don vuachuil a b'eár. Duert tuili acù nár vah inéachor an rod é shin. Gur vuar an osguilt aigini, agus an osguilt súl, d'än vuachuil cä húirt dò er rayint ayimshiri chahav a sgoil égin foibilí a n-aici an vaili sar a raych shé ishdeàch a Gláishdi Vy Nuat. Dá iàmuish shin nuer a vèach triàil comórtuish idìr vuachuilív ós na sgoileanuiv tuaha agus na buachuilí a vèach a gláishdi Cholamáin go miarhach buachuilí an Chláishdi an bua leó pé érim aigini vèach ig buachuiliv na tuaha. Duarag, 'na chuingiv shin, go roiv an múini ins na sgoileanuiv tuaha, nú a guid acù er än chuma, ní b'eár ná an múini a vèach le fáil ishdìg so chláishdi, tar ésh an deh búint fihid sa mlien a veh díolta as.

Ví sagart próishdi sa Dôunach Vuar, deh míli sir ó hueg ó Machroumha, agus ví sné er an aigini shin do daingean. Chun a hisbeáint go roiv an ceart igè do riug shé lesh ó Machroumha Trälach O Goilí agus d'osguil shé sgoil sa Dôunach Vuar dò agus chuir shé a múini na deaunghacha aun é.

D'ág sun mishi irísh er shachrán. Ach ví fear de vuíntir Húileaváin, fear ó Chiary, a múini sgoili a Geaun Tuirc, agus ví fear gur v'ainim dò Tomás O Laeri 'na chôny er Duiri na Móna, tímpal trí víli shiar ó Cheaun Tuirc. Claun na berti drihár a b'ea an Tomás O Laeri shin agus mo vâhirshi. Chuas ó hueg go Ceaun Tuirc er sgoil agus haguing go Duiri na Móna gahän íhi go tig Homáish I Laeri. Hugas, is dó lium, blien nú blien ghoilèh a dol er an sgoil shin.

Ví an sgoil shin mah go leór er feag tamuil. Ví mórán sgláirhí a teacht aun agus ní roiv än chúnav ig an máishdir. Is âuluig a víoch gahéngi á vúini fén chô mah agus d'iadach shé é, go minic. Amùh a sheanasdábla a víoch an sgoil aguìng. Ví an sheanasdábla mah go leór a gahav an tâuruig. Nuer a háinig an gîri ví an donas le fueri er. Nuer a víoch an ayimshir ana-uar víoch tini aguìng. Ní roiv än timiné er an sdábla. Ví poul sa vala, âfach, lashtiar don tini. Víoch an poul go mah an aid a víoch imeàcht na guíhi tríd shiar. Ach nuer a víoch an ghäh a shédi tríd a boul iniar vimísh múchda ig an neatàch. Ba veasa go muar an deatach ná an fuacht. Agus go dein is âuluig a víoch an fuacht agus an deatàch a n-éneacht aguìng mar ní víoch an tini ach go holc.

Fé gheri do tuigeag ins gahäval nár v'än vah do sgoileanuiv tuaha veh a dol a gomórtas lesh an gláishdi a ví a Mainishdir Earmy. Do chroum na haihireacha fé mar a ví än ghusdal acù chuigi, er na buachuilív do

chur go dí an cláishdi. Do socaryg nihi sa chláishdi a dreó go viatach buachuil teacht aun agus gan veh èr an deh búint ihid do ghíol. D'iatach shé teacht agus lóishdín a hóguint sa tráid agus dol ishdeàch sa Chláishdi gahän lá. Ansùn ní vèach er ach shé púint sa mlien do ghíol as an sgolycht agus d'iatach shé é fén do chohú chô sär agus do b'édir é.

Tuig at' aigini, a léhóir, go roiv an säl ana-chrueg an uer shin er vuíntir na Hérean. An té go míoch ferim hailiv igè chahach shé veh ag obuir ó ghuv go duv chun an chísa ghiànav, agus chun é fén agus pé muiríon a víoch èr do chohú agus do chlúdach er chuma égin. An fear a veartych túirt suas do chur er vac lesh do chahach shé dúbuilt ebiri do vuint as fén agus as an guid eli den chlúing chun an t-éngi aváin shin do chur chun cing Dá vrí shin, an buachuil a raych go cláishdi Cholamáin agus do hócach lóishdín sa tráid dò fén, do chahach shé é fén do chohú gan puíng rabuirni nú vèach iàgóir igè á ghiànav er an muíntir a vèach sa vaili 'na ghieg ag obuir go crueg chun ishan do chur chun cíng.

Fé mar a ví na buachuilí ag imeàcht as na sgoileanuiv tuaha víodar-sun, ní nách úna, a dol chun derig agus a dol a n-olcas. Do hig m'ahirshi a n'aigini nár v'än vah ghò mi chimeád ní ba hie a Geaun Tuirc. Do hocara shé a n'aigini gur v'ęara ghò mi chur go Cláishdi Cholamáin am' sgláiri lä. Do ghin shé an ní shin. Hugas blien er lóishdín sa tráid agus a dol ishdeàch sa chláishdi gahän lá. Nuer a háinig deri na bliana agus an triàil comórtuish, fiàchuint cé gheóch dol go Cláishdi Vy Nuat do chuas ishdeàch sa chomórtas chô mah le cách.

Ví búntáishdi vuar ig na buachuilív a ví 'na gôny ishdìg sa chláishdi er na buachuilív a ví amùh er lóishdín, mar do vítí a múini na muíntiri ishdìg gahän tránhóna. Chueg ceaharar agus trí fihid des na buachuilív ishdeàch er an gomórtas sun. Nuer a ví an triàil diàn'ta do fuarag go rousa er an gearhú duini. Ní roiv ach triúr aun a ví ní b'eár ná mi. Ní roiv än vah ghom sa méd shin, mar ní roiv ach trí hinid folav a Má Nuat an vlien shin. Chueg m'ahir ansùn agus do louir shé lesh an easbog agus chuir shé a guíni gho an socarú a dineag nuer a hosgalag an cláishdi. Mar gheaul er an socarú sun do hug an t-eabog inead sär sa Chláishdi ghom a gahav na bliana a ví chúing, agus nuer a háinig an triàil irísh do chuas go Má Nuat. Sa vlien d'uísh an Tiarna míli ocht giàd trí fihid a hān a b'ea é shin.

X—SHÚL NA GNUC

On uer a hosanys er na teaunghachuiv d'ouluim a Machroumha víng huas sa vaili go minic. Héng a vaili gahän Taharan, agus ansun haguing anuas irísh er maidin Dé Luen. Dá iàmuish shin víng huas sa vaili nuer a tugtí lähanta síri do locht na sgoili. Do leanach na lähanta síri cúpla shachduin nú trí An aid a víng sa vaili víng ag obuir er an verim veog a deaunta na cod' eli den chluíng. Hug sun taihí vah ghom er gahän tays ebiri sglávych'da ghiànav Vís abálta er ráing do láivsháil nú er hluasid do láivsháil. Ní hanav a ví tengeas am' ghiàguiv agus am' ghroum ó veh a buint èr le sbel, nú a buint vóna le shleán, nú a buint choirci le corán. Ví's agùm an mó dias a ghiànhach teyl, agus an mó teyl a ghiànhach dórnán, agus an mó dórnán a ghiànhach punan. Ví's

agùm conas súishdi do chasa agus láirhán arúir do vuala, gachara muili a guingiv buelteóra eli. agus mo vuili de vuala er an guma do b'eár chun an ghráingi vuint as an dy.

Uereanta is ag éreacht a curtí mishi nuer a víoch an chuid eli ag obuir. Dertí lium go viatuing veh a gváil do leour a deaunta na héreachda ghiànav. Is cuín lium lá agus mi a diànav na héreachda go veaca gâuna iasachda a deaunta na mó. Haul er an muing mig a ví na ba agùm. Cheapas, ní nár v'iúna, gur anuir ó vuev na Cahiríneach a háinig na gâuna iasachda. Chromas er na gâuna iasachda, dar lium, do gheilt amàch ó n-ár muev fén agus do chomaint sir a vaili. Ní rayidísh sir dom. Chnuic an vuíntir eli mi agus iad ag obuir a Báirc na Houn. Víodar a fairi oram agus iad a gairí. D'ínshadar dom er baul gur ling fén na gâuna a ví agùm á chomáint chum shúil. Is âuluig a ví na gâuna imìhi as m'aigini toishc mi veh as baili chô muar. Do castí lium go minic 'na ghie sun an dearûd a ghineas. "Shiné," a dertí, "an buachuil nár aihin a ghâuna fén!"

Lá égin eli dá dánag a vaili ví cúpla gour le túirt adueg ó Leaba Ghiarmada.

"Raydsa agus túrhad lium iad," ersa mishi. Ví an fún oram chun an chnuic do chiúl. Chuireas an cnuc ó hueg díom. Do hys er Ayil na Viach a fiàchuint uem shys agus a fiàchuint am' hímpal er na shlétiv. Nuer a ví tamal mah caiti ansùn agùm vueleas an cnuc shiar agus hugas tamal am' hy a n-áit eli. Fé gheri chuas shys go dí an áit 'na roiv an dá ghour. Víodar ceanguilti ghá chéli. Chomáineas róm iad an cnuc suas a dreó go viatuing teacht cônggar an chnuic a vaili leó. B'eara ghom gur v'é an tímpal a gheóing, sir go Caruig a Sdáca, mar a roiv an cosán fém' chosh agùm. Ní hé shin a ghineas, ach ayig a húirt er an gnuc. Ní roiv is agùm go roiv iread den lá caiti agùm a fiàchuint am' hímpal. Um a daca 'na rous fén agus na gouir er vulàch an chnuic ví shé a n'íhi ghuv. A deaunta é veh a n'íhi ghuv ví ceó taguihi er a gnuc. Lesh an noirihacht agus lesh an geó is er égin iaduing na gouir a gh'ishgint agus iad rôm amàch er an vionán. Chromas er an dalav fém' chosiv agus am' hímpal do vrenhú, chô fada agus d'iadas é sa doirihacht, le hagala go raying amú. Ví m'ayig, dar lium, loum díreach, shys er an áit 'na roiv ár dig fén. Víoch an dá ghour a diaruig gváil sir a n-inead gváil shiar ó gheas a dreó na háiti 'na roiv ár dig, dar liumsa. Do hánag rómpa agus chasas anuìr iad cúpla uer. Fé gheri do rihadar uem sir agus níor iadas teacht rómpa go dí gur chuadar ishdeàch a glós égin. Shúd gayir ag âusdaruig láirhach. Do leanas na gouir ishdeàch sa chlós. Ví doras an tí er m'ayig amàch. Háinig bean amàch. "Ce hé shin?" er shishi. D'ainhís í láirhach. D'ínshas di cé'r v'é mi. Cailín de vuíntir Luasa a b'ea í. Nuer a vís a dol ishdeàch sa chlós sun húrhing an leour gur ishdeàch a glós Vihíl Vreanhig hir er Gleaun Daiv a vís a dul. Nuer a chnuc an tig veasas, vís deinihach de, gur v'é tig Víhíl Vreanhig a ví agùm. Nuer a louir an cailín lium ishí ciàd chesht a háinig chun m'aigini ná "Cad a hug anso a leh go tig Víhíl Vreanhig í shin?" A nie chéli do léríog dom gur v'âuluig a ví measgán meary tar ésh teacht oram. Is ig an dá ghour a ví an ceart. Vísa a diaruig na ngour do chomáint as an shlí chóir dá n-uingeóin. Chimeád na gouir mishi er an shlí chóir dom'uingeóin. Dá dugach na gouir mo hlí fén dôsa an íhi shin, is shiar chun Milín na Móna a húrhimísh ayig, áit a ví lán an uer shin de foluiv doingi ishgi. Ní vèach ãn vreh aguìng gan dul ishdeàch a boul égin acù. Gan ãn dout er dôun do báfí mishi an íhi shin mura mèach an dá ghour úd a veh a tisbeáint na shlí ghom.

Lá égin, an aid a vís a dul er sgoil go Ceaun Tuirc, hug mo neahishgint fén cúntúirt eli oram agus ba ró-ghóbuir dom gan teacht sãr as. D'ágas Lis Caragáin lá Dôunuig agus d'éshdeas Aifirean a Garuig an Imi. Ansùn

hugas ayig ó hueg Bóhar Sráid a Vuiling chun dul go Duiri na Móna an íhi shin agus veh a n-aum chun dul go Ceaun Tuirc er maidin Dé Luen a ví chúing. Nuer a vís a gváil Cém Caruigi shys do chnuc er m'ayig anún Cuishleán Chili Mídi agus cnuc Cláry. Ví an lá go háluing agus an sbér ana-ghlan. Duart lium fén ná roiv än teóra lesh an rayrc le breáhacht a vèach agùm er a núhig go lér muar-hímpal dá meng er Vulàch an chnuic shin. Duart lium fén go viatuing gváil suas fan an chuishleáin go bár an chnuic agus fiàchuint am' hímpal agus ansùn ruih le fánuig shys ishdeàch sa tráid agus go meng sa tráid chô luah, nàch muar, agus dá ngouing an bóhar. Shúd suas mi chun an chnuic chô luah agus hánag er ayig an chuishleáin. Níor hroshas bara an chnuic chô luah agus veasas do hroshing é. Um a daca na rous er vara an chnuic ví an ghrian avàd ní ba hie shiar, agus shys, ná mar a cheapas a vèach shí. Ví an rayrc go breá gan âuras. Ví Mulàch an uish agus Claideach, agus na cnuic vuara eli go lér, lashtiar díom agus lashteas díom agus iad,

"A baguirt a gíng de ghruím a chéli,"

agus gan än vlúiri ceóig orha, ach iad chô glan sun gur ghó le duini gur niti a víodar. Ví Muishiri er m'ayig sir agus é chô niti leó. Ní roiv an côrha seningi er:—

"Ceó er Vuishiri 's Clárach loum
An côrha seningi is feár er dôun."

Ví Dúhàla go lér leata amàch ansúd fém' húiliv, sir, agus ó hueg agus shiar, agus an ghrian a tainghav er, agus é chô breá chô muar chô leahan! Ví na cnucáin veoga hys ig bun an chnuic, agus bíoch go roudar árd go mah dá mefá lashtís díov, ní vohófá än írdi inéachor unta nuer a vefá a fiàchuint shys orha ó vulàch an chnuic. Ba ghó leat gur talav levéalha er fad iad.

Ach ví an ghrian a dridim ró-ada shys chun na gnuc a ví lashtiar díom, agus do rihas le fánuig shys a dreó na sráidi. Ví an tlí shys chun na sráidi ní ba hie ná mar a veasas, agus ní ba chrosda go muar ná mar a veasas. B'égean dom clahacha muara chur díom, agus páirceana treafa, agus camuir a ví lán de shgeachuiv, agus fé gheri, nuer a vís a dul ishdèach sa tráid ví titim na híhi aun. Ví titim na híhi aun agus ví shacht míli, de víltiv muara fada, idìr mi agus Duiri na Móna, agus ní roiv aihini agùm er éngi a Sráid an Vuiling ná ig éngi oram. Hugas ayig er an móhar. Chiúlys sir tríd an sráid go giar; ó hueg go Drishan; go Drohad an Chuíl. Vís a cur an vóhir díom agus doirihacht na híhi a miàdú. Fé gheri do vohys an tuirshi a teacht oram. Ansùn do vohys mi fén a lagú lesh an ocaras. Vís gan än vlúiri bíg a gh'ihi ó ágas an baili er maidin. Ach do chomáineas lium. Um a daca na rous chô fada sir ó hueg le Duiri na Gry vís chô buelti amàch sun gur hineas er vara chly an vóhir chun an tuirshi chur díom biogán. Vís er mo hueneas ansùn er feag tamuil. Er baul do hâulys go rous a titim am' chola. Lena líng shin do vohys mar a vèach colagrifín a ruih tríom' baluiv go lér. Do lémeas suas. Higeas láirhach dá diteach mo chola a geart oram er vulàch an chly shin gur marav a geófí aun mi er maidin. Shúd chun bóhir irísh mi. Ví ólas na shlí go mah agùm. Do hroshas tig Homásh I Laeri er Duiri na Móna. Víodar gan dul a chola nuer a hroshas an tig, bíoch go roiv shé avàd tar ésh a dóghiàg a chlog sa n-uíhi. Ví driháir do Homás sa tig. Diarmuid a b'ainim dò. Ví shé fen agus mishi ana-vuar lena chéli. B'é an chiàd duini é a chnuic mi a teacht an doras ishdeàch chuigi. Ví úna er cad a hug chô diànach mi. Ví úna ba vô ná sun er nuer a fuer shé gur v'er égin a ví unam louirt lesh. Do tugag mo ghóhin le n-ihi agus le n-ól dom láirhach. Chuas a chola, agus go dein do cholas go sâv.

Níor ínshas d'éngi cad a chuir an tuirshi go lér oram, ná conas mar ba ghóbuir dom fanûint a mara an chly er häv an vóhir a n-aici hepéal Ghuiri na Gry. Níor ínshas d'éngi inéachor ryav ó hin é. Ví náiri oram a húirt le rá d'éngi go dúrhing a lihéd de chúrsa, gan ghá gan riachdanas.

Tá än rod aváin, âfach, a chuirean caungcar muar inìsh oram agus atá a cur caungcuir oram ryav ó hin. A machnav dom 'na ghie sun er an guma 'na mídísh a fiàchuint oram an íhi shin, nuer a veasidísh ná bíng a fiàchuint orha, do bueleag ishdeàch am' aigini gur veasadar gur v'âuluig a casag cuideàchda égin oram a Sráid an Vuiling agus gur riugadar ishdeàch a di táirni égin mi—agus gur v'é shin a chimeád amùh chô diànach mi, agus do chuir an tuirshi go lér oram agus do vuin mo chayint díom!

Fiàch gur b'uirishdi iàgóir a ghiànav er ghuini! Go muar muar nuer a hugan duini fén an chä chuigi le beart égin vírchysach.

XI—AN VANGARTA

Tá shé chô mah agùm a gh'ínshint sa n-áit sho conas mar a ghineas beart a ví míchysach go leór avàd sar a neis ishdeàch a n-ān sgoil ryav ach aváin an sgoil a hug mo váhir dom, Vís, is dó lium, tímpal deh mliana d'uísh, nú b'édir a diànav er veh än vlien diàg. Ví trí nú ceahir de choluiv beoga sheasga igam' ahir le cur shiar go dí an Leitir Cheanan, er an gnuc, a dreó go gahidísh an sâura aun agus go vágfí an osycht sa vaili ig na buev baingi. Ví fear ebiri aguìng. Míhál O Fineagáin a b'ainim dò. Ví dahacha ig imirt er a nuini mocht. Ghiànhach shé obuir mah go leór ach ní iatach shé ruih. Duarag lesh na ba sheasga do chomáint lesh shiar go dí an cnuc. Duarag liumsa dul lena chosh a dreó dá mèach na ba a ruih ueg, a diaruig teacht harnaish a vaili, go niànhingshi ruih agus teacht rómpa ghò.

Chomáineamuir ling iad, Daingean na Saileàch shiar; shys er vóhar Chnuic an Iúir; shiar go Biàl an Gheárha; shiar trí Charuig an Aymuid; shiar chun an Vuiling. Ig an Muilean do chuamuir ó gheas har a nrohad. Ansùn do chomáineamuir an bóhar shiar iad go Cúil E; fan Loch a Voguig shiar; trí Ghuirín na Gréni; agus shiar go bun an chnucáin mar a dosanyn an bóhar a gváil suas Cúm na nlàg. Háinig tuirshi er Víhál ig bun an chnuic shin. Duert shé liumsa airi húirt dos na buev agus do hín an duini bocht er häv an vóhir agus choidil shé greas dò fén. Ní roiv än locht ig na buev er shin. Ví fiàr breá glas er gach täv den vóhar agus d'ihadar a nóhin dè.

Nuer a ví a ghreas colata diànta ig Míhál agus greas mah ingír diànta ig na buev do chomáineamuir ling irísh iad; suas clíhán an chnuic go bara Chúm na nlàg agus shiar bóhar Nedín go dí gur hroshamuir an Letir Cheanan, nú, mar a duert fili égin nú bean chuínti égin, "an letir ná létear."

Chuamuir ishdeàch a dig na nuíni goma leó an cnuc. Fuaramuir rod le n-ihi agus le n-ól go fial. Ví shé 'na hránhóna vuar luah. D'an Míhál ishdìg, ach do chuasa a n-éneacht le fear óg de vuíntir an tí a ví chun na mó do chomáint suas an cnuc chun na háiti 'na roudar le fanúint a deaunta na mó eli a ví aun er an guma giàna.

Ví bean ón gôrsanacht sun pósda, er Prohas, a bróishdi Huah na Droman, ig driháir ahar dôsa. An aid a víomuir a gváil suas an cnuc ví rayrc aguìng ó gheas er na tihiv a ví er an däv heas den ghleaun. Chromas er cheshdiúchán er an muachuil a

ví lium' chosh á iarhy ghè cé vì 'na chôny, "sa tig úd haul"—"sa tig eli úd haul"—agus mar shin, go dí gur ainimnig shé duini de vuíntir Huama.

"Ná fuil bean as an dig shin pósda lastuìr a n-áit égin?" ersa mishi.

"Tá go díreach," er shishan. "Tá shí pósda ig fear de vuíntir Laeri hir er fad er Prohas."

"Cad é an ainim atá er an vear sun?" ersa mishi.

"'Peaduir Rua,' a huguid shiad er," er shishan.

Shin a roiv uem. D'iàchas go giàr er an dig a dreó gur chuireas a chôrhy ishdeàch am' aigini go daingean. Chomáineamuir ling suas na ba go dì gur chuireamuir ishdeàch a gumar vreá chluhar iad, mar a roiv a lán eli ba sheasga, agus goirihan a haingh leó acù agus iad ig ingíor er go suerc.

Víomuir er an glíhán hueg den "Letir ná létear" an uer shin agus ví rayrc breá aguìng. Ví gleaun ana-ghoying, ana-leahan lastueg díng, agus cnuc ana-vuar, an-árd lastueg den ghleaun.

"Cad é an ainim atá er a gnuc muar sun?" ersa mishi.

"Ar airísh ryav teacht har an Mangartuin?" er shishan.

"D'airís go minic," ersa mishi. "Mangarta an Cheóig a gh'airíng a n-âuranuiv er."

"Ní mishdi Mangarta an Cheóig a húirt er go dein," er shishan. "Bíon an ceó go troum agus go doracha èr uereanta."

"Is dócha," ersa mishi, "go vuil rayrc ana-vuar ó n-a vara."

"Tá," er shishan, "rayrc ana-vuar ó n-a vara. Ba ghó leat go vicfá Eri go lér ó n-a vara dá mèach an lá glan."

"Tá shé ana-ghlan inìsh," ersa mishi. "Ní veg an ghrian a dul fé go ceann tamuil. Beg ayimshir ár nóhin aguìng chun dul suas go dí a vara agus an rayrc breá gh'ishgint. Tiànam ort."

D'iàch shé oram.

"Vuil is agùt," er shishan, "cad é an aid atá an cnuc sun uet inìsh?"

"Ba ghó lium," ersa mishi, "go vuil she ghá víli go mah ueng."

"Ghá víli!" er shishan agus úna er. "Ishé méd atà an cnuc sun uet inìsh, a viceó," er shishan, "ná deh míli; agus do b'usa ghoit go muar fihi míli de vóhar a chiúl ná an deh míli shin!"

Ní duart a hili, ach ghineas ceapa am' aigini fén. Duart lium fén go n-eireóing anavoch er maidin amáireach a ví chúing agus go raying go bara an chnuic sar a mèach Míhál O Fineagáin as a leabuig.

Hánamuir a vaili. Chuas ishdeàch sa tig. Ví sheana-vean a cayint ishdìg agus veasas go roiv fearag erhi. Do bueleag ishdeàch am' aigini gur dohal a ví erhi róm. Níor leogas än rod oram. Do hleâunys chun an doruish. Níor gheacuir dom shleâunú chun an doruish, mar ní rous tar ésh dul avàd ishdeàch ón noras. Chô luah agus fuaras mi fén er an däv amùh den doras chuireas an talav díom! Shys lium chun na glaishi agus anún har glaishi agus suas, er an däv heas den ghlaishi agus den vóhar, chun tí vuíntir Huama.

Chô luah agus hánag ishdeàch sa chlos, shúd trí nú ceahir de ghayruiv ag âusdaruig oram. Shúd bert nú triúr am' chosint orha. Vueleas hórsa go lér ishdeàch, idìr ghayruiv agus locht cosanta. Vueleas suas chun na tini. Ví shé tamal beog tar ésh na híhi hitim. Nuer a hroshas an tini chnuc sheana-vean vreá vuar vrohalach vâirhúil agus í 'na sy er uarma a n-aici na tini, a leh mo lâ clé. D'iàchas erhi agus d'imís agus hys er chahír a ví er an däv eli den tini. Níor louras le héngi agus níor louir éngi lium, er feag tamuil. Fé gheri do louir an vean vuar lium go breá shév sultvar.

"Shea, a gharsúin," er shishi, "cár ghouish chúing?"

"Go dein," ersa mishi, "ba chóir go n-ainhóch shiv mi!" Agus do gháireas.

Níor louir éngi er feag tamuil eli, ach ví an vean vuar a cur na súl tríom. Fé gheri do louir shí irísh.

"B'édir gur anuìr a ghouish chúing?" er shishi.

"Is anuìr," ersa mishi, "agus Peaduir O Laeri is ainim dom."

"Shea, a Feaduir I Laeri," er shishi, "ainhím go mah inìsh tu. Mac do Ghiarmuid isheà hu."

"Mac do Ghiarmuid isheà mi," ersa mishi. Do cuireag gahän chóir oram láirhach agus ní bäl bur vohys än dohal róm. Ní roiv än vlúiri dohil sa n-áit eli róm ach chô beog, pé rod a chuir am' aigini go roiv.

Chuas a chola. Ach ví an Vangarta am' aigni agùm. Chô luah agus chnuc an chiàd âusgarnach de holas an lä er maidin vís am' hy agus amùh. Shúd shys mi go dí an bóhar Nuer a hánag er an móhar d'iàchas oram ó hueg. Ní roiv än rayrc er an Mangartuin ón móhar ach ví 's agùm cad é an treó buíl 'na roiv an cnuc. Chiúlys an bóhar shiar go dí go rous, mar a veasas, er ayig an chnuic ó gheas, nú, go dí go roiv, do rér mo vrehúntuish, an Vangarta er m'ayig ó hueg díreach. Ansùn d'imís har cly an vóhir agus hugas m'ayig ó hueg tríd an shliav. Ví an talav ana-gharav ana-víchorhamach, lán de chlochuiv agus de húrtóguiv agus de foluiv agus de charuigireachuiv. Ach do chomáineas lium ó hueg díreach. Ví sruháin leahana ghoingi róm le gváil hórsa. Do sdaduing uereanta er bruach sruháin acù a fiàchuint shys er na breacuiv beoga a víoch unta hys, a shgeint anún 's anaul, agus a dul ishdeàch fés na clochuiv nuer a chídísh mi. Ansùn do chomáining lium ó hueg irísh agus mí a fairi chúm, a brah er nár v'ada go vicing ceaun muar râur na Mangartan ig eirí chúm de ghruím an chnuic er a rous a shúl. Ach ví an ghrian ig eirí lastuìr agus ní roiv an Vangarta ig eirí lastueg. Ví tig vuíntir Huama agus na tihi eli a ví sa chôrsanacht ig imeàcht as mo rayrc lashteas, agus ní roiv än rod lastueg díom fós, ná lastuìr díom, ná lashtiar díom, ach an shliav agus é lán des na clochuiv agus des na túrtóguiv agus des na caruigireachuiv. Ví an ghrian a dridim suas er an sbér lastuìr agus an brohal a tosanú er hacht aishdi, agus ví tart a teacht oram. Vuineas deoch breá à ceaun des na sruhánuiv agus chomáineas lium ó hueg.

Fé gheri do chnuc ceaun muar râur na Mangartan ag eirí chúm. D'iàchas go giàr er. Do veasing go míoch shé a suaha agus a guaga agus á luasga fén anún 's anaul a n-ayig gach cishcém dá duguing. Higeas go mah gur v'é an aid a ví shé uem fé neár an luasgarnach sun, nu a gheaurav. Chomáineas lium ó hueg tamal eli go dí gur osguil an gleaun muar leahan doying fúm hís lastueg díom agus idìr mi agus an Vangarta.

Ví tamal mah den vaidean imìhi um an daca sun. Ví ocaras a teacht oram. Vís sueti go mah, agus tuirshi agus alas oram ó veh a shúl tríd an shliav. D'iàchas er an ngleaun a ví ansúd er leaha er m'ayig amàch, agus d'iàchas uem ó hueg er an Mangartuin agus chuínís er an deh míli úd a ví ní ba gheacara do chiúl ná fihi míli. Ambasa ach do chuínís gur v'eár gan dul a hili.

Ansùn d'iàchas am' hímpal. Ví's agùm go roiv Cúm na nIàg er m'ayig sir díreach, agus go viatuing côngar muar a ghiànav ach ayig a húirt sir. Ví's agùm, lesh. nár v'ada go muelhach tig égin umùm agus nár väl ná go vaying mo ghóhin le n-ihi aun. Shúd sir mi tríd an shliav. Vís a cur na shlí ghíom sir go dí gur veasas nár v'édir dom gan veh a teacht er Chúm na nIàg. Hánag er chúm, ach níor v'é Cúm na nIàg é. Claish vuar ada a b'ea an cúm, mar a vèach geara muar fada leaha tríd an shliav ó hueg agus ó gheas, agus sruhán beog a ruih ó gheas tríd an ngeara, fan an truháin. Ba ghó le duini an ngeara, fan a ntruháin. Ba ghó le duini gur v'é rod an geara sun, tríd an shliav, ná cayshéar a ghin an sruhán dò fén, ach aváin go roiv an cayshéar ró-vuar, ró-leahan, ró-

ghoying, agus an sruhán ró-huarach. Dá mèach shachduin fearhana aun, âfach, agus an earhing troum, ní dó lium go mèach an sruhán ró-huarach chun an chayshér a ghiànav. Do sdadas er bruach an chayshér er feag tamuil. Ví cúsh sdaid agùm. Ví an tál imìhi ó vróig lium. Ní roiv puíng greama ig bun na bróigi eh. Agus ví tuirshi agus ocaras oram. Vís a fiàchuint an bóhar ó hueg. Ví rayrc avàd ó hueg agùm, mar ví an bóhar díreach agus ví an áit 'na rous árd go mah aishciún an vóhir agus aishciún an truháin. Níor v'ada go veaca a gváil chúm an bóhar a dueg rod a chuir úna agus aultacht oram. Ví an rod a shúl er nós duini. Ach ní eaca er än duini ryav a lihéd de cheaun le méd. Ví shé a shúl ana-ghiàr. Fé mar a ví shé a teacht a gônggar dom isheà ba vô a chnuc an dearav däna er, ach an ceaun a veh a dul a méd go húhásach. Níor v'ada go veaca ayrca beoga er an geaun. Go luah tar ésh na n-ayrc a húirt fé neara ghom do higeas an shgiàl go lér. Bean a ví aun agus corcán er a ceaun icì, a ceaun sáiti suas a miàl an chorcáin icì agus an corcán lán d'iàr hirim, a dreó ná gortófí an ceaun, agus trí cosa an chorcáin anáirdi mar vèach trí ayircíní.

Chô luah agus higeas an méd shin do rihas shys agus har sruhán sir agus vís 'na cuingiv er an móhar ùm au daca 'na dáini shí suas.

Níor leogas blúiri oram a däv na prebi do ví buinti icì asam.

"Die 's Muiri ghoit!" ersa mishi lé.

"Die 's Muiri ghoit is Pádruig, a gharsúin," er shishi; "ach ní ainhím hu. Ní dó lium," er shishi, "gur éngi de gharsúnuiv na háiti sho hu?"

"Ní hea," ersa mishi, "Anuìr ó Chluandrohad isheà mi agus táim a diànav cônggúir sir a vaili. Táim a túirt ayig sir er Chúm na nlàg. Vuil Cúm na nlàg avàd sir as so."

D'iàch shí go giàr oram.

"O Chluandrohad!" er shishi. "Aililiú!" er shishi. Ansùn, fé mar vèach a húna curha ghi icì, d'iúmpa shí oram. "Ach," er shishi, "tá Cúm na nlàg an-ada sir as so agus tá an tlí ana-gharav ana-víchorhamach. Buel mar sho shys a n-éneacht liumsa agus cuirhad er an móhar tu. Tá bóhar breá raeg agùt ón gruish sho hys sir go Cúm na nlàg, agus as sun sir go dí Muilean Vaili Vúirni. Agus go dein is fada an bóhar á ghoitshi le shúl inìsh."

Chomáineas lium shys lena cosh. Níor v'ada go veaca, hys ig an gruish, fear agus bata 'na lâiv igè agus é a croha an vata chúm go fearagach. Míhál O Fineagáin a ví aun. Ví an duini bocht tar ésh an iä chahav am' chuardach. Nuer eiri shé er maidin ní roiv än tuerishc oram ig éngi ghò. Chnuic duini égin mi a dul anún go ti Vuíntir Huama. Chue shé anún. Ní roiv än tuerishc haul oram ach gur hugas an íhi aun agus ná feacuig éngi mi ag imeàcht er maidin. Háini shé anaul. Haul ná avùs ní roiv än tuerishc oram. "Cad a ghiànhad inéachor!" er shishan. "Conas a húrhad ayig er a ahir agus er a vâhir!"

"Imig ort a vaili," ersa gahéngi lesh. "Hir sa vaili rót a gheóir é, gouimshi oram!"

Er an móhar a dul a vaili a ví shé nuer a chnuic shé chuigi a dueg an bóhar úd tríd an gayshéar mi. Ví fearag er, ach ba vó an t-áhas a ví èr ná an earag. Ní leocach shé as a rayrc as sun amàch mi go dí go roumuir arän sa vaili. Nuer a hroshamuir an baili ví úna oramsa. Níor louir shé iread agus focal amàch as a viàl chun än ghearáin a ghiànav oram mar gheaul er an sgâura a chuireas er! Ní bäl gur louras fén er an shgiàl go dí avàd 'na ghie sun.

XII—ER VULLACH NA MANGARTAN

Avàd 'na ghie sun, lesh, do chuas go mulàch na Mangartan, ach is ón däv hueg a chuas anáirdi er, ó Chíl Airni. Vís ní ba hini agus ní ba hreshi an uer shin ná mar a vís an lá a chuas shiar go dí an "Letir ná létear." Vís am' änar agus ví an lá ana-vreá. D'águs Cnuc an Ereabuil chô luah agus ví mo vrecfaisht iti agùm, agus chuireas gahän chônggar díom shiar ó gheas go dí go rous ig bun an chnuic. Ansùn do chuardys an cosán a ví, mar a hínshag dom, ó vun an chnuic suas go dí a vara, an cosán a dineag aun fé chosiv na nuíni iasachda a hagach aun chun Cíl Airni agus na rayrcana breáha atá tímpal èr a gh'ishgint. Chô luah agus do hánag er an gosán do chomáineas lium suas. Nuer a hagach an sähar oram, tré ghéni an chnuic, do sdaduing agus d'iachuing am' hímpal er an núhig a ví lashtiar díom. Ví an rayrc sun a leahanú agus a dul a mreáhacht fé mar a vís a dridim suas. Nuer a vís tamal mah suas ví an rayrc chô breá chô muar chô leahan sun go sdadach m'anál oram nuer iáchuing am' hímpal er. Fé gheri do hroshas an fiara. Do sdadas ansùn tamal mah a fiàchuint am' hímpal. Do b'úhásach an rayrc é! Ví an lá chô glan le criosdal. Ví sgamuil veoga vána er an sbér, ach víodar an-ada suas agus ví an t-är fúha gan än vlúiri ceóig aun, a dreó gur iadas an talav, agus na páirceana, agus na cuílti, agus cuid des na hayingív, agus cuid des na teaumpaluiv, agus an chuid des na tihiv cônuihi nà roiv ró-ada uem, a gh'ishgint go silér. Ví Cíl Airni ansúd hís am' aici, chô cônggarach sun dom, dar lium, go measing go viatuing miàróg chloihi do chahav shys ishdeàch sa tráid veog.

Er iàdan an chnuic isheà vís an uer shin. Ví an titim lasmùh ghíom agus a lihed d'ánuig aun go measing dá sguíling cloch shys ná sdatach shí go dí go mèach shí ig bun an chnuic. Ví bara an chnuic go breá leahan levéalha lashtiar díom, agus gur ghó leat nuer a ghridfá ishdeàch èr nách er vulàch cnuic a vefá inéachor ach er raeg vreá leahan. Do ghrideas ishdeàch er. Ní roiv än chuingi agúm. go dí go rous a shúl er anún 's anaul er an gumа sun, go roiv an mulàch chô breá fada fairshag. Ví na cnuic vuara eli, agus na cnuic veoga er a measc, lashtiar agus lashteas agus lastuìr díom. Ba ghó leat ná roiv sa chuid eli acù ach cruiceóga veoga shochas an behíoch cnuic a ví fém' chosiv. Ní roiv ach Corán Tuahil, a ví ansùd lashtiar díom, go roiv än tiàgar ná än írdi aun, dar lium. Ví an Dá Chí agus Mulàch an Esh lastuìr díom agus d'iàchadar ana-huarach. D'iàchas ó gheas fiàchuint a n-ainhóing an "Letir ná létear." Do hep oram glan än fiuc dá gheaurav a ghiànav amàch imeàsc na shliav eli. Ní roiv sa n-áit er fad ach grahin shléti. Ví rayrc shiar ó gheas agùm er na hinviriv atá a teacht ishdeàch on varuigi idìr na cnucuiv, a dreó gur ghó le duini gur b'âuluig a vèach na cnuic a dul fé ishgi agus nár v'ada go mèach an aruigi as a giún; nú gur b'âuluig a vèach na cnuic ig eirí as an ishgi, agus nár v'ada go mèach an aruigi imìhi shiar er fad amàch as na gleauntuiv shin atá idìr na cnucuiv. A fiàchuint orha ghom hugas fé neara láirhach an chosûlacht chruíng atá idìr an rayrc a chnuc ansúd, idìr chnucuiv agus ishgi, agus an rayrc a chíon éngi nuer iàchan shé er an gúingi hiar heas de vapa na Hérean er ala hí sgoili. Níor iadas gan fanûint tamal mah a fiàchuint er an mapa úd atá ansúd inìsh, agus nách fis dôsa ná d'éngi eli cad é an aid atá ó cuireag aun é.

Tar ésh mi veh tamal mah a fiàchuint er agus a machnav er d'iúmpys agus vueleas sir tríd an raeg breá leahan er an Mulàch. asam. Do chnuc er m'ayig amàch poul muar

Ní fada sir a chuas nuer a buineag árd ghet leahan doying, shys insa chnuc. B'é says puíl díreach é ná an poul a vèach aun dá m'âuluig a buinfí ceaun de Chíochuiv Danan inís à lár na Mangartan agus an Chí shin do chahav haul a n-aici na Cíhi eli, mar a vuil shí inìsh, an täv a ví suas di, sa chnuc, er an dalav, agus an ceaun cäl di, a ví shys sa chnuc, é suas inìsh. Ba ghó leat. dá dógfí ón dalav irísh í agus í chur ishdeàch sa foul, an ceaun cäl di shys, go líonhach shí an poul agus go mèach Mulàch na Mangartan 'na raeg vreá leahan, er än levéal ó häv täv, mar a ví shé sar ar tógag an cnuc eli shin inís as.

Má anas tamal mah a fiàchuint shiar er na shlétiv agus er na hinviriv a n-iarhar Erean, ó Vy Viàra go hinvear Nedín agus go hinvear Hrá Lí agus go hinvear an Daingin, do hugas tamal ba vô ná é a fiàchuint uem shys sa foul úd gur buineag, dar lium, an chíoch ba ghiura ghom de Ghá Chí Danan inís às uer égin fadó. Níor iadas dul ró-achamuir don foul. Ví an titim óna vruach shys ró-ghíreach agus dá déng ró-imealach er an mruach ba väl dom go n-imeóch an fód óm' chosiv agus go sguílfí le fánuig mi. Hánag chô hachamuir, âfach, agus go roiv rayrc agùm er an loch ishgi atá hys a mun an fuíl. Fiàchan an loch sun go fada shys agus go grána agus go huegineach agus go duv.

Hâulys gur v'âuluig a ví drycht égin ig an loch sun dá imirt er mo húiliv, d'anas chô fada sun a fiàchuint shys er. Nuer iàchuing am' hímpal tamal, sir er an Dá Chí nú ó gheas er na hinviriv, níor v'ada go n-iúmpych mo húili harnaish irísh, agus shys er an loch grána duv úd. D'iàchuing anún er an däv hir den foul agus chíng rayrc áluing aun, täv an fuíl 'na heasav haul, er m'ayig anún agus an ghrian a tainghav er agus sgáileana na sgamal meog leata amàch er agus iad a gluashacht fan é, go braá raeg, díreach mar a ví na sgamuil veoga fén a gluashacht huas as mo chiún er an sbér. Ansún, nuer iàchuing shys irísh er an loch, agus nuer a chuiring cor díom anún nú anaul, hâuluíng go míoch an loch, agus bun an fuíl er fad, a suaha agus a luasgarnuig anún 's anaul, díreach mar a víoch mulàch an chnuic fén nuer a vís a fiàchuint èr ineàs ón "Letir ná létear."

Nuer a víng corha de veh a fiàchuint shys er an loch grána duv agus anún er an däv hir den foul, agus am' huaha fén anún 's anaul go vicing an luasgarnach lashtís, d'iàchuing uem ó hueg er an núhig vreá a ví leata amàch lastueg díom. Ví um an daca sun an vreacarnach chiàna er an núhig shin a ví er an däv hir den foul, mar ví na sgamuil veoga tar ésh iad fén do leaha amàch er an sbér go lér agus ví na sgáileana beoga leata amàch er an núhig go lér. Ní eaca ryav ruimish shin, agus ní eaca ryav ó hin, rayrc chô breá lesh an rayrc a ví leata amàch fém' húiliv nuer a vís a fiàchuint shiar agus ó hueg agus sir er an núhig shin agus an vreacarnach sun, sgáha agus soluish er leaha er. Ví an vreacarnach chiàna er an sbér, huas aishciún na dúha, ach so a veh de ghefiríocht idìr an mreacarnach huas agus an vreacarnach hís, shé shin, an rod ba sgáh lashtís gur holas lastuas é, agus an rod ba holas lashtís go ma sgáh lastuas é. Sgamuil gheala a b'ea na sgamuil veoga a ví er an sbér agus víodar ní ba ghili ná mar a ví an sbér 'na dímpal. Tríd an sbér a ví gan sgamal a hagach solas na gréni anuas, agus an sgamal beog geal ishé chuireach an sgáh er an dír lastís dè.

Hugas iread sun ayimshiri a fiàchuint er na rayrcanuiv breáha sun, er na shlétiv agus er na hinviriv lashteàs díom, er an núhig, ní hea ach er na dúhív muara leahana lastueg díom, er an boul úhásach a ví ansúd igam' chosiv, er an loch duv drychda a ví ansúd hís, a suaha agus a luasgarnuig, a mun an fuíl, agus er an mreacarnach sgáha agus soluish a ví orha go lér, go roiv an tránhóna

a teacht sar ar háinig än fiuc dá chuíneav chúm go roiv Cnuc an Ereabuil tamal mah sır ó hueg uem, agus go gahing dul aun góir na híhi. Ansùn fén ba ró-gheacuir lium imeàcht ón rayrc. A dul a mreáhacht a ví an rayrc fé mar a ví an ghrian a dridim shys agus an solas ag aharú; an solas a lagú agus na sgáhana a dorachú; agus an loch hís a mun an fuíl a dúchduint tuili agus a dul, ba ghó le duini, tuili fén nrycht. Hugas iaracht er imeàcht. Do sdadas tamuilín eli. Hugas iaracht eli er imeàcht agus do sdadas tamuilín chun än iàchuint avaın eli húirt am' hímpal orha go lér. Fé gheri do rihas as an áit.

B'usa go muar agus ba häráidí teacht an cnuc anuas ná dul suas. Mar shin fén vís tamal mah a teacht anuas mar, an aid a lean an rayrc leahan, ní iaduing gan sdad ınìsh agus irísh chun mo húili do hásav er. Um an daca 'na rous ig bun an chnuic ví an íhi aun, a dreó gur v'er égin a ví solas mo ghóhın agùm cnun na Fleshgi do ghváil. Do ghous í, âfach, gan mo chosa do liucha, agus chomáineas lium ó hueg go dí gur chuireas mo chos er vóhar Chili Airni. Ví an íhi ghuv aun um an daca sun; ach ví an íhi go breá agus go ciúin, agus níor vada gur eirig an ghealàch. Nuer a ví an ghealàch 'na sy agus an solas agùm ba chuma lium an íhi nú an lá agùm. Chomáineas lium an bóhar sir. Hánag go dí áit 'na roiv fala muar árd cloihi er a däv hueg den vóhar, er mo lâiv chlé, agus sheana-chuishleán lashtìg den ala. Do hínshag dom cúpla lá ruimish shin go roiv droh-ainim er an sheana-chuishleán agus er an áit shin den vóhar; go victí púca nú sbrid nú rod égin mínádúrha den tórd sun aun. Ví shé a diànav amàch er uer an veán íhi nuer a hánag go dí an áit. Vís a cuıneav er a búca, ach má vís ní le hän agala ruimish a búca é. Vís á reá am' aigini gur vuar an díhcéli do ghuíni veh á veas go viatach púcy veh sa n-uíhi aun ach chô beog agus vedísh aun a lár an lä. Lena líng shin shúd chúm an bohar anuìr ainiví égin úhásach agus é er cosanáirdi go dian. Ví cruíng er gach täv den vóhar sa n-áit, a dreó nár iadas inéachor a ghiànav amàch cad é an says roda an t-ainiví. Ví baitín beog am' lâiv agùm. D'árdys an baitín dá lyd agus dá huary é. Do rih an t-ainiví chúm go dí go roiv shé er m'ayig amàch. Díreach agus é a gváil horam shiar do leagag er an móhar é. D'eirig a leah agus ghoiv shé shiar er cosanáirdi agus d'an an leah eli er an móhar. Vís ag iniúcha er an leah a ví er an móhar. Ach níor iadas ghiànav amàch cad é an says roda é. Lena líng shin d'eirı shé den vóhar agus ghin shé oram.

"Fan uem amàch!" ersa mishi, "pé rod tu!" agus mo vaitín anáirdi agùm.

Do louir shé.

"O vuishi!" er shishan, "go mrishig an d——l do chosa, mar asal!" agus é a fiàchuint shiar a nieg an roda a ví imìhi shiar er cosanáirdi. "Gouim párdún agùt!" er shishan liumsa, "is âuluig a chahas mi fén anuas den vihûnach asil shin. Do leagas é d'än ghnó chun teacht anuas dè. A dul sir go Sráid a Vuiling atáim. D'ágas Cíl Airni um hránhóna chun dul sir go Sráid a Vuiling. Vís chô fada sir lesh a Mara Duv nuer a vuel an t-asal sun umum er an móhar. Do riugas er agus do lémeas anáirdi èr chun é vreh lium agus marcycht a veh agùm às tamal den vóhar. Chô luah agus vís socuir anáirdi er agus do fuer shé ná fiatach shé mi chahav dè, cad a ghin shé ach úmpáil an bóhar shiar! Níor iadas é chasa toishc gan srian ná ceaunrach a veh agùm er. Viàrhach shé shiar ishdeàch go Cíl Airni mi irísh mura mèach mi á leaga ansùn er a móhar. Do riugas er chluesh èr a diaruig é chasa sir, agus is âuluig a leagas é, an róguiri bihûnuig!"

Ansùn d'inish shé ghom cé'r v'é agus cad é an gnó a ví sir go Sráid a Vuiling igè. O hig na mocht a Gíl Airni do b'ea a háiní shé agus go tig na mocht a Sráid an Vuiling a ví shé a dul. Gársún cherhi mlian niàg

nú chúig mlian niàg a b'ea é. Cheap shé an iàgóir a ghiànav er an asal agus hug an t-asal "cor a n-ay an chuím" dò.

Chomáineamuir arän ling ansùn an bóhar sír agus ghineamuir cuideàchdanas dá chéli go dí gur hroshamuir an bóirhín ó hueg chun an tí er Cnuc an Ereabuil mar a roiv mo ghälta-sa 'na gôny agus mar a roiv mo hrial a góir na híhi. Do sgaramuir le chéli er an áit shin. Ní eaca ryav ó hin é beó ná marav.

Ní roiv shé ach tamal beog ruim lá nuer a hroshas an baili. Ví muíntir an tí 'na gola, ní nár v'iúna. Do fágag bie agus deoch am' chóirshi a n-aici na tini. D'ihas an bie agus d'ólas an deoch. Ansùn duert mo faidireacha agus chuas a chola. Ní bäl ná gur cholas go sâv.

Ediraishnésh isheá an méd shin cayinti atá ráiti a däv na cuarda sun a hugas go "Mangartuin an ér íving," mar a duert an fili. "An letir ná létear" fé neara ghom cuíneav er an guerd shin. Do chuas suas än uer aváin eli go Mulàch na Mangartan, tamal mah a nieg an lä shin, ach ní roiv an lá chô breá ná an sbér chô glan, agus ví duini lium' chosh, agus níor iàch an rayrc chô hálning inéachor, ná chô heriric, ná chô huasal, agus ví shé an chiàd lá úd a chnuc é. Is dócha gur lá mar an lá sun a ví ig an vili huas er nuer a hug shé "Mangarta an ér íving" er a gnuc. D'airis fén "Mangarta an cheóig," á húirt er a gnuc giàna a n-âurán eli. Is eagal lium gur minicí go muar a víon an cnuc 'na "Vangartuin cheóig," ná mar víon shé 'na "Vangartuin ér íving."

XIII—MÁ NUAT

So vlien d'uísh an Tiarna míli ocht giàd trí fihid a hän isheà do chuas shys go Cláishdi Vy Nuat chun mo hiàrma ayimshiri do chahav aun am' olû chun veh am' hagart.

B'é dlí an chláishdi an uer shin go gahach duini ocht mliana, nú shacht mliana, nó shé bliana, do chahav aun, a fouluim na n-ealvn a vèach ryachdanach dò a dreó go mèach an t-eólas ceart igè chun go niànfí sagart dè. Do curtí triàil er na hóganuig a dul ishdeàch dóiv, a niàmuish na trialach a chuireach na heasbuig amùh orha. Da disbeánach an triàil nár ghá don ógánach na hocht mliana do chahav ishdìg do mafí blien dò. Ansùn, dá disbeánach an triàil nár ghá ghò na shacht mliana do chahav ishdìg do mafí obuir ghá vlian dò. Do mahag obuir ghá vlian dôsa. Ba vuar an tairifi ghom é shin mar tá är na háiti ana-ghian er hlámti na muachuilí a héan ishdeàch aun ón duah. Do ví shé dian orha an uer shin pé'r dôun é. Ní eadar a vuil än ous tar ésh dul er nú ná fuil. Chueg buachuilí breáha muara láidiri ishdeàch aun an vlien chiàna do chuasa ishdeàch. Chô luah agus ví blien caiti ishdíg acù ví cuid acù sherici go mah. Nuer a hédísh a vaili a gahav ráha an Tâuruig do chuiridísh an eóil suas irísh agus hagach a neart dóiv. Ach d'imíoch an eóil agus an neart irísh nuer a vídísh rayint ayimshiri tar ésh teacht harnaish. Nuer a víoch deri na hayimshiri caiti agus iad a dul amàch 'na sagartuiv críochnuihi víoch na cnâ loum go mah acù go lér, go muar muar ig an guid acù do tógag er an duah. An chuid acù do tógag ins na sráideanuiv nú ins na bailtiv muara ní ghuileach an áit ishdìg chô muar inèachor orha. Ní víoch an neart unta, ó hosàch víoch ins na fearuiv óga a hagach ón duah, ach an méd nirt a víoch acù do chimeádudísh é a gahav na hayimshiri. Vídísh lag, neàmríoch, a gúmparáid le buachuilív na tuaha, er dúsh, ach a diànav amàch er gheri

na hayimshiri vídísh-shin er an guma glàna nách muar, agus víoch an t-anam sladuihi, nú geaul lesh, as an muachuil a háinig ishdeàch ón duah.

Hagach buachuilí ana-chalama ishdeàch aun ó Chúntä Hobruid Aran. Is cuín lium buachuil a háinig ishdeàch an vlien chiàna a chuas fén ishdeàch. Ví shé aishciún shé troihi er írdi agus ví shé chô cúmha chô córach sun 'na ghiànav gur vreá lium veh a fiàchuint er agus é a shúl a n-éneacht lena chomaráduihiv. Víodar go iér ára go mah, dea-chúmha go mah, ach do veasing go míoch a cheaun agus leah a víní suas glan as a giún go lér. Ví neart úhásach aun. Ví shé fén agus triúr eli buachuilí lá ig imirt chluihi le liarhóid lâ. Ví ainim an nirt go lér er. Hug an triúr èli cogar dá chéli go miärhidísh a driúr er agus go leacuidísh é. Vís fén a fiàchuint er an imirt. Ní roiv nuíng mahasa ryav unam chun än chluihí gleacychda den tórd sun. Ba gheár go veaca an triúr a breh ishdeàch er an éngi aváin. Ví a lâ tímpal an chuím er ig bert acù agus ví greim er ghlúiniv er ig an dríú duini. Do lúb an fear láidir a ghlúini agus do leog shé shys é fén go dí go roiv an vert uachdarach daingean igè féna ghá asguil agus greim lena ghá lâiv igè er ghá chearhûin an ir iachdaruig. Ansùn do ghíri shé suas é fén agus hóg shé an triúr a n-éneacht go glan ón dalav agus chiúla shé muar-hímpal na cúirti leó. Nuer a leog shé ueg iad do b'égean dóiv sy shys er feag tamuil chun teacht chúha fén ón vásga a hug shé ghóiv. Agus ní roiv shé ach a gáirí an aid a ví an gníov sun igè á ghiànav. Agus fir luaha láidiri chumasacha a b'ea an triúr.

"Shea," er shishan, nuer a leog shé ueg iad, "an beog liv den sbórt?"

"Veasamuir," ersa duini acù, "go mèach shé le rá aguìng gur leagamuir hu. Ach cad ba ghá ghoit mi gh'ásga chô muar! Vuinish m'anál díom agus is er égin atá unam louirt fós!"

"Tu fén fé neár é," ersa duini eli acù lesh a vear a louir. "Mura mèach tusa ní húrhimísh fé inéachor. Tá teangeas am' ghroum agus suas am' chúl fós!"

Ví cahú er a vear muar nuer a chnuic shé an cás 'na roudar, agus ví shé gváil a leashgél leó agus á reá nár voha shé an neart sun igè á chur sa vásga; nár veas shé gur hug shé ghóiv ach an fásga do chimeátach a ghreim orha chun iad do hóguint ón dalav.

"Dar fie," ersan tríú duini acù, "ach dá váishgihá a hili mishi vís marav agùt!"

Cúpla blien 'na ghie sun do chnucsa an fear sun agus is ró-veog an neart a ví aun. Do ghuíl är na háiti er agus do ghuíl an bie er, agus do hit shé a geaun a chos B'égean dó dul a vaili. Ví shé ró-imìhi, âfach, sar ar chue shé a vaili. Ní roiv shé avàd sa vaili ig á vuíntir nuer imi shé availi er an shyrycht, gura mah an vaishi ghò é!

Duart gur ghuíl är na háiti er. Do ghuíl. Ach níor v'än úna é shin. Tá an áit ró-íshal agus tá an chanáil a gváil tré lár na tíri, shiar lasmùh d'ala an Chláishdi, agus fliuchan ceó na canáili shin an t-är a dreó go míon an t-är mí-aláin do chliav an duini, agus go músglan she an ili hays galuir cléw aun.

Ach duart gur ghuíl an bie er. Ba vó d'iúna an ghuiliûint shin ná an ghuiliûint eli. Tugtar, nú do tugtí an uer shin er än chuma, an chuíreóil a b'eár dár vlaish än däny ryav le n-ìhi ghúing. Níor védir än locht áil erhi. Ní lú ná mar a b'édir än locht áil er an arán a tugtí ghúing. Ach dá ous a víoch idir eóil agus arán ní ghinidísh puíng tairfi do chuid aguìng. An chuid aguìng a héach ishdeàch ón duah ní víoch taihí er a veóil aguìng. An gráingi agus an práta agus an baingi isheà víoch aguìng sa vaili er fad. Ní víoch an eóil le fáil ach go hanav, nú b'édir go ró-anav. Ansùn, nuer a hémísh ishdeàch sa chláishdi ní víoch le fáil ach an eóil er fad. Víoch an t-är breá foláin agus an bie er ar tógag shing fáca a n-ár nieg lasmùh aguìng. Víoch an bie lashtìg go

hana-vah, ach ní her an mie shin a tógag shing. Ní víoch an taihi aguìng er. Ní héach shé chun sochuir dúing. Víoch a rian er, nuer a haguimísh a vaili er ár lähantuiv síri sa tâura, is er égin ainhíoch ar máirhacha shing, vímísh a fiàchuint chô loum chô mílíhach chô hocarach sun.

An aid a vímísh sa vaili víoch ár nóhin irísh aguìng den vie er ar tógag shing, an t-arán coirci agus an t-arán cruingeàchdan ón muilean, an t-uv circi agus an t-uv lachan, an leâunacht agus an baingi râur agus an vláhach, an práta agus an gobalach, agus an blúiri bagúin inìsh is irìsh. B'iné an bie a héach chun sochuir dúing. Do chuirimísh suas an eóil irísh go tiuv, agus na pluic, agus hagach an neart agus an fuingeav irísh unuing, a dreó, nuer a víoch an trí ví lähanta síri caiti agus hémísh harnaish go dí an Cláishdi, gur v'er égin ainhídísh na huach-daráin shing, agus gur v'er égin ainhímísh a chéli.

Chuireas fén an chiàd vlien díom aun gan än léc a hacht am' hláinti, bíoch go rous ana-loum nuer a hánag a vaili sa tâura Chuas harnaish sa vôr agus mi láidir go mah. Ní rous avàd ishdìg, âfach, nuer a hosanuig an guili er veh a cur oram. As sun amàch b'égean dom cuid vah dem' ayimshir do chahav a dig na n-easlán aun, agus níor iadas a huirt d'aireàchas dom' chuid léng ach iread agus viàrhach sär mi tré gach sgrúdú fé mar a hagach shé. Víoch an trí ví go breá fadá agùm sa tâura agus ba veog ná go leishach sun an méd díovála a víoch diànta ig an guid eli den vlien.

A gahav na shé mlian a hugas sa Chláishdi shin víng a machnav go minic er na cláishdív úd a ví a Néring a dosàch ayimshiri. Ní víoch än tihi breáha muara shlingi an uer shin ig múinteóirív ná ig macuiv léng. Is âuluig a víoch a hig beog fén ig gahéngi, tig beog deas cluhar agus díon mah ty er agus gan de hriosgán ishdìg aun ach an bórd agus an leabuig agus cúpla cahír b'édir, agus an tínteán. Inshtear dúing gur ghnáh lesh na macuiv léng veh a dul amàch muar-hímpal er fued na côsan-achda a sláhar an vaingi ghóiv fén. Ní roiv na faly breáha 'na dímpal, mar a ví a n-ár dímpal-na, ach measim gur v'eár an tláinti a víoch acù ná an tláinti a víoch ig macuiv léng Chláishdi Vy Nuat, an aid a ví aihini agùmsa er an áit er än chuma. B'édir go vuil an shgiàl nís feár inìsh acù.

XIV—BÄL ER ON NGÄLUING

An aid a vísa sa vaili agus gan taihí ná ólas agùm ach er na côrsin a ví am' hímpal a bróishdi Chluandrohad agus a bróishdi Vaili Vúirni, níor háinig lá dá chuíneav ryav chúm go roiv än väl er an Ngäluing. Ach nuer a chuas ishdeàch sa Chláishdi agus chuireas aihini er vuachuiliv a tógag a n-áiteanuiv eli, agus nuer a fuaras ná roiv än ocal Gäluingi acù, ví úna agus aultacht oram. Ansùn isheà do bueleag ishdeàch am' aigini go roiv an Ghäluing ag imeàcht; go mèach shí ag imeàcht fé mar a vèach na sheanduíni ag imeàcht agus na duíni óga a teacht; go n-eireóch shliucht agus an dá hanga acù, Gäluing agus Biàrla a n-éineacht; ansùn go n-eireóch shliucht, a nieg an tleachda sun, agus gan än ocal Gäluingi acù. Nues a bueleag an méd shin ishdeàch am' aigini háinig negineas har bár oram agus brón agus ceaunfé. Ba veog ná gur v'eár aigini háinig uegineas har bár oram agus mo häl do chahav agus do chríochnú aun, ná veh a Néring agus Eri ag úmpáil 'na dúhig iasachda. Dar lium níor v'í Eri

inèachor í nuer a vèach shí gan än ocal Gäluingi dá louirt inti.

Ish é rod a háinig dom as an machnav, agus as an mrón agus as an uegineas, ná gur hocarys am aigini, pé rod a ghiànhach än duini eli, go gimeátuing fén mo chiun den Ghäluing gan dul er neavní. Chromas láirhach er veh a rá na Cróingeach Muiri as Gäluing fé mar a derimísh sa vaili í, agus fé mar a derimísh hueg er Duiri na Móna í an aid a vís aun. Do chimeád sun mi gan dul as taihí na cayinti. Do chromas, lesh, er veh a lé na Gäluingi ghom fén as na leouruiv Gäluingi a gheing a leourlan an chláishdi, agus do shgríng shys än rod a haingeach lium a leour beog a víoch am' póca agùm.

Víng a diànav na hebiri shin, ach, tríd agus tríd, víng coitianta á iarhy ghíom fén a roiv än vah am' ghnó; nú a viatach mo ghíhal cosc do chur lesh an meahalú a ví er an Ngäluing. Ví a lán rody as côir mo húl, am' hímpal, a ví coitianta á chur 'na ly er m'aigini "gur väh mo ghnó." An chuid ba vô des na buachuilív eli, nuer a chídísh an obuir a víoch er shúl agùm, ní ghinidísh ach a geaun do chroha agus gáiri ghiànav agus sguíli lium. A nieg er nieg do higeas am' aigini go m'édir go roiv dearûd agùm á ghiànav. Chíng gahéngi a diaruig é fén do chur er ayig agus do veachdú a n-ólas agus a glishdeacht agus a gumas er an Miàrla. Cad iatach éngi aváin a ghiànav!

A nie chéli do väluig an díogras unam agus hugas ayig er na gnóhív a vuin le hobuir an chláishdi a Miàrla agus a Laidin agus sa Vrayingcish. Do leanas, âfach, er mo chróing Vuiri do reá as Gäluing nuer a víng a dol a chola. Do shgríng shys am' leour shgrívingi, inìsh agus irísh, blúiri beog Gäluingi nuer a vueleach shé umum. Is cuín lium conas mar a vís lá a fiàchuint er leour Gäluingi sa leourlan. Chnuc er chiûish leahanuig aun an dán beog so:—

"A Choluim an cheóil vrónuig sa nún duv haul,
Is doiliv an róiv nósvar sun fút go faun.
Tulach I Róig vórga na múrha meaun
Gan choiri; gan sbórt shólta; gan lúba laun!"

Higeas gur b'âuluig a ví an fili a fiàchuint ueg er heana-chuishleán vrishdi égin agus go veaca shé clúr 'na heasav anáirdi er vara an teana-chuishleáin agus "Cúú! cúú" igè, aus gur veartuig an fili a n'aigini an clúr sun a veh "ag éav 's ag osnyl," a cuíni na hueshleachda a ví er an guishleán sun sar ar dineag sheana-chuishleán brishdi ghè. Ní roiv än tuerishc sa leour, ná er chiûish an leouir, er cad é an cuishleán é ná er cá roiv shé. Vís fén á chuíneav go m'édir gur, "Tulach I Ruerc," ba cheart a veh sa dán agus gur v'er heana-chuishleán égin le Brian na Múrha do chnuic an fili an clúr.

Nuer a ví shé a dul 'na ly er m'aigini ná roiv ach cailiûint ayimshiri ghom aun, veh a casa le hän rod a ghiànav a chuirhach cosc lesh an meahalú a ví a cur na Gäluingi as an säl, do chnuc a leour égin cayint a duert On O Câury a däv na hebiri a ví igè fén agus ig cuid de locht a chô ayimshiri á ghiànav, shé shin "go roudar a cruingiú agus a míniú na sheana-Ghäluingi a ví ins na leouruiv a shgríog fadó, a dreó, nuer a vèach an Ghäluing a ví dá louirt imìhi as an säl, go mèach fylach égin nú iarsma égin fáca a Néring 'na dieg."

"Dar fie," ersa mishi am' aigini, "má víodar súd chô deinihach, agus an Ghäluing chô beó agus a ví shí an uer shin, go roiv shí a dul chun básh agus ná roiv än vreh acù fén, dá ous érim aigini a ví acù, er í chimeád ó vás, cad diàrhidísh dá medísh beó an uer sho agus go vicidísh conas mar atá an Ghäluing imìhi à bresh agus leah an ileáin! Má higeadar súd ná roiv än vreh acù fén er an meahalú do chosc an uer shin cad diàrhidísh lesh an té a veasach go mèach än vreh ig éngi er an meahalú do chosc inìsh!

B'é crìh an vachnuiv agùm é gur sdadas. Ach, mar aduart, do leanas a rá na Cróingeach Muiri as Gäluing.

Le líng na hayimshiri shin do hárla go roiv byn des na macuiv léng a víoch dá dúirt a n-éneacht ishdeàch a hala muar gahān tránhóna chun rayint foulama ghiànav er conas Biàrla do lé agus do shgrí agus do louirt mar ba chóir agus mar ba chy agus mar ba cheart do ghuíni foulamanta. Do reáinig go rousa er a muín shin. Ví sagart óg ó ghóshas Chorcy a mun na bebiri shin dúing. Chuireach shé a n-ár sy shing uereanta agus hugach shé ghúing ní égin er a shgríhimísh aishdi Viàrla ghò. Is cuín lium gur hug shé ghúing, ān tránhóna aváin, an rá so chun na haisdi do shgrí er, "Perseverando vinces," shé shin. "Berean buan bua," nú "By perseverance you will conquer."

Víomuir go lér a n-ár sy go ciúin, a feaun agus a ghuv agus a vlúiri paipér ig gahéngi agus é a machnav er a ghíhal a diaruig cuíneav er rod égin a chuirhach shé shys. Uer a chluig a tugag dúing chun na hebiri do ghiànav. D'imig an ayimshir agus ba gheairid an vuíl erhi imeàcht. Ba ghó le duini ná roiv har chúig neómaty sa n-uer a chluig shin. Do bueleag an cluigín. Do hín gahéngi suas a fáipérín pé beog muar a ví shgríti igè er.

Um hránhóna amáireach a ví chúing hánamuir go lér chun an hala chiàna. Is oramsa a ví an úna nuer a gläg m'ainim er dúsh. Do shíneag chúm anuas an páipérín chun go léhing amàch é as a gôir go lér. Ansùn d'imig rod greanúr oram. Ví shé èr agùm mo shgríving fén do lé, rod atá tar ésh imeàcht oram go minic ó hin, lesh. Vís a treou hríd er feag cúpla neómat.

"Túir dôsa é," arsan múinteóir.

Híneas chuigi suas é. Do lég shé amàch é chô raeg agus dá m'é fén do vèach tar ésh é shgrí. Adavuím gur haingh shé go mah lium. Haingh shé go mah leó go lér Voladar go muar é pé 'r dôun é.

Nuer a ví deri na bliana a teacht do ceapag aishdi ghúing go lér le shgrí agus ví duesh ānuir le fáil ig an té do shgríhach an aishdi a b'eár. Shidé an rod er a roiv oruing an aishdi do shgrí. "The Elizabethan Age of English Literature."

Háinig deri na bliana. Chuamuir go lér ishdeàch sa hala muar. Ví sheshar nú muarheshar easbog er an árdán huas. Do tugag dôsa an duesh ānuir. Ví oram rayint den aishdi do lé a láhir na n-easbog.

Is cuín lium, a dosàch na shgrívingi, gur hráchdas er léan na Grégi agus gur volas é, gur hráchdas er léan na Rô agus gur volas é; gur hráchdas er na léanuiv eli er fued na Húróipi, an Rayingcish agus an Alamáingish agus an Sbáingish, na sayshana léng shin a híolruig ón Ngrégish agus ón Laidin, agus do volas iad. Ansùn do hráchdas er léan agus er údaruiv Hasana a n-ayimshir Elizabet, agus do volas idìr léan agus úduir. Níor gheacuir dom iad do vola. Ví ólas mah agùm er a lán acù. Víodar agùm sa vaili. Hug mo váhir lé a dueg ón Mulàch Rua iad, beanàcht Dé lena hanam!

Shiné díreach an fáirt den shgríving a marcálag dom le lé as côir na n-easbog. Do lés amàch é go hárd agus go neàsgâfar.

Ví duini des na heasboguiv 'na hy huas a lár buíl, díreach er m'ayig amàch. Nuer a sdadas d'eiri shé 'na heasav agus d'iàch shé idìr an dá húil oram.

"Ghinish an méd shin go mah, a vuachuil," er shishan. "Huguish do chuerd muar hímpal orha go lér. Do voluish léan na Grégi. Do voluish léan an Rô. Do voluish léan na Frayingce agus léan na Sbáingi agus léan na Halamáingi. Ansùn do voluish go hárd léan Hasana. Agus fiàch, iread agus ān ocal aváin amàch as do viàl ní duaruísh a däv léng na Hérean."

Duert shé a lán eli ansùn á chur er mo húiliv dom go roiv dearûd muar diànta agùm mar go roiv léan na Hérean ní b'eár agus ní b'ueshli agus ní ba hini ná ān léan des na léanuiv eli shin a gh'ainimnís.

Víomuir arān a fiàch[illegible]t go daingean agus go dlúh agus go díreach, idìr an dá húil er a chéli an aid a ví shé a cayint.

Shán Mac El, Ardeasbog Huama, ishé do

chas an t-asachán sun liumsa an lá sun, a gláishdi Vy Nuat, as côir na n-easbog eli a ví aun, agus as côir na n-uachdarán, agus as côir na gláishdeánach go lér, agus adavuím ó chry gur vuin shé an vóráil díom a geart. D'aharuig m'aigini láirhach. D'imig an vuar-uruim a ví taguihi agùm don Viàrla agus do las irísh am' chry an meas a ví agùm ryav ruimish shin er an Ngäluing. Do chromas irísh er na leouruiv Gäluingi sa leourlan do lé agus do sgrúda, agus er na blúiríní beoga filíochda a haingeach lium do chur shys am' leour shgrívingi. Nuer a haguing a vaili er lähantuiv síri víng a gluashacht ansò agus ansúd er fued na côrsanachda a bailiú âurán agus sheana-chayinteana Gäluingi ó heanduíni go míoch a lihédí acù. Is cuín lium go neis shiar lá go dí an Tóchar, mar a roiv Dônal O Luínshi 'na chôny, agus go vuaras ó heanduini veog a ví 'na chôny a n-aici Locha an Voguig, âuran er a dugtí "An Bodàch beog tósdalach." Tá an t-âuran sun a gló inìsh agus ní gá é chur shys ansò. Fuaras ueg, lesh, "An Giula Rua," an t-âurán a chuir am' aigini an tuerishg úd er an geól shy atá curha shys agùm a Shiàna.

XV—GNÓ SAGUIRIT; AGUS TEACHT NA VÍNÍNÍ

Do ghluesh na shé bliana a hugas sa Chláishdi agus ba var a chéli, geaul lesh, iad go lér. Ní roiv de ghefiríocht eatarha ach an defiríocht a ví idìr na cémeanuiv ebiri a ví aguìng le diànav. Ví a cém ebiri fén ceapuihi do gach blien díov, blien oucóidíochda, blien ealyndachda, agus ansùn, cherhi bliana diachda. Chuireas díom iad gan än rod neàchoitianta do hitim amàch dom. Ní vuaras a hili dueshana. Níor ghineas än iaracht er iad áil. Ví a valuirt de chúram oram. On giàd vlien amàch ví an tláinti a baguirt oram agus ví an vaguirt a dul a ngéri n-ayig gach bliana, a dreó, nuer a ví deri na hayimshiri a dridim lium, gur chuma lium ach go miàrhing na cosa lium as an áit. Hug Die ghom, mola 's bächas lesh, gur riugas. Fuaras na húird, gach órd acù fé mar a háinig mo hedeal chuigi, go dí gur cuireag fé ghrád saguirt mi an t-änú lá diàg de Vihav an Tâuruig sa vlien d'uísh an Tiarna, míli ocht giàd, trí fihid, a shacht. Hánag a vaili agus ní rous sa vaili ach rayint lähanta nuer a háinig letir an easbuig chúm á reá lium dul a diànav gnóha saguirt a bróishdi Chili Heanuig, a n-aici Vala. Próishdi vuar ada leahan isheà í, ó Nead an Iuluir sir go teóruing Vaili na Móna agus ó vruach Oun Mueri ó gheas go dí Ah a Daláin agus go dí Bár a Chärhing geaul lesh. Sa täv heas den fróishdi a cuireag am' chôny mi, er a Míng. "Bíng na Míol" an ainim umalán. "Míol Vy" a tugtí er "ghiura" agus víoch mórán giuruihi sa n-áit agus imi shin a tugag "Bíng na Míol" er an shliav sun. Shin mar a víníodar muíntir na háiti ghôsa an ainim. Is dócha gur acù b'eár fis an shgél.

Tá caruig sa täv hir den fróishdi agus is oramsa a ví an úna nuer airís "Caruig Clíona" mar ainim er a garuig shin, agus er a maili 'na vuil an charuig aun. Ní fédir lium a ghiànav amàch a vuil än vuint ig an "Garuig Clíona" so le "Clíona na Caruigi Léhi." Der an "Giula Rua" sa n-âurán aduart, go roiv "Ivil agus Meas agus Clíona na Caruigi Léhi" a gluashacht er tosàch sa tlua shí a chueg lesh go Hóchuil chun an Duineárduig do chosint er a más. Ví slua shí a háinig a dueg ó Chonàchduiv a diaruig an Duineárduig a vreh leó. Do troideag cah idìr iad agus slua shí na Mûn. Do vueg slua shí na Mûn er an slua shí a dueg, er "ghäraicmi Chonàcht," agus háinig an

Duineárdach sär ón mreóiteacht a ví er. Tá an t-âuran le fáil a gló inìsh.

D'inish sheanduini égin sa n-áit dom go roiv duin' uasal 'na chôny a n-áit égin er bruach Oun Mueri sa tean-ayimshir fadó ryav; gur b'ógánach ana-ghahûil é; gur hit Clíona na caruigi shin Chili Heanuig a ngrá lesh; gur chuir shí chuigi mar hachduiri sheana-chaileàch er a dugtí Caitilín Duv; gur órda shí do Chaitilín a gh'ínshint don ógánach uasal cad é an sbré a ví le fáil igè lé dá bósach shé í:—

"Chúig céad gour our er än dah;
Chúig céad tona d'ór na Grégi;
Chúig céad loilíoch ceanan, blénean;
Chúig céad cyra er ínshi täv leó."

Níor iad shé a hili húirt dom, agus ní eadar ar hug shé an méd shin sa cheart dom. B'édir go vuil tuili ghè ig duini égin eli.

205731

BOSTON COLLEGE

3 9031 01192219 2

DOES NOT CIRCULATE

Boston College Library
Chestnut Hill 67, Mass.

Books make kept for two weeks unless a shorter time is specified.

Two cents a day is charged for each 2-week book kept overtime; 25 cents a day for each overnight book.

If you cannot find what you want, inquire at the delivery desk for assistance.

11-46